

Clár Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh

1 Eanáir - 30 Meitheamh 2013



eu2013.ie

AR MHAITHE LE COBHSAÍOCHT, POIST AGUS FÁS

Contents

Ar mhaithe le Cobhsaíocht, Poist agus Fás	1
Croí-phrionsabail Uachtaránacht na hÉireann	1
Cur chuige na hÉireann	2
CUID 1: Forléargas	4
1. Cobhsaíocht a chinntiú	5
Aontas Baincéireachta	5
Seimeastar Eorpach	5
Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta – na chéad chéimeanna eile	6
2. Ag infheistiú i bpoist agus i bhfás inbhuanaithe	7
Margadh Aonair na todhchaí	7
An chéad ghlúin eile: ag dul i ngleic le dífhostaíocht i measc an óige	8
Maoiniú do phoist agus fás san AE don todhchaí a dháileadh	8
Fás cliste agus inbhuanaithe	9
3. An Eoraip agus an domhan	10
Síocháin agus daonlathas a chothú agus tacú le síocháin agus le daonlathas	10
Ag dul i ngleic le bochtaine agus ocras domhanda	11
Margaí nua d’onnmhaireoirí na hEorpa	11
Ceannasaíocht athnuaithe maidir le hathrú aeráide	11
CUID 2: Cumraíochtaí na Comhairle	12
Gnóthaí Ginearálta	13
Maoiniú don todhchaí: An Creat Airgeadais Ilbhliantúil (MFF)	13
Rialachas Eacnamaíoch	13
Beartas Réigiúnach/Beartas Comhtháthaithe	14
Méadú	14
Beartas Muirí Lánpháirtithe	15
Cibearshlándaíl	15
Gnóthaí Eachtracha	16
Trádáil agus Infheistíocht Idirnáisiúnta	16
Beartas Forbartha agus Daonnúil	17
Beartas Cosanta	18
Beartas Comharsanachta na hEorpa	18
Gnóthaí Eacnamaíoch agus Airgeadais	19
An tAontas Baincéireachta: Ag tacú le cobhsaíocht agus ag cur le muinín	20
Rialáil Airgeadais a Threisiú	20
Buiséad Bliantúil an AE	20
Cánachas	21
Seimeastar Eorpach	21

An “Sé-Phaca” agus an “Dhá-Phaca” de Reachtaíocht	21
Rialachais Eacnamaíochta	21
Treoir do Thabhairt Chun Críche an EMU	21
Airí Airgeadais G20, Gobharnóirí an Bhainc Ceannais agus Cruinnithe Teachtaí Dála	22
Ceartas agus Gnóthaí Baile	23
Ceartas d’Fhás: muinín a threisiú sa Mhargadh Aonair	23
Coireacht: comhoibriú agus tacaíocht maidir le forfheidhmiú dlí níos láidre	24
Tearmann agus Imirce	24
Coinbhinsiún Schengen	24
Cearta na saoránach a threisiú	25
Talmhaíocht agus Iascach	26
Talmhaíocht	26
Iascach	27
Foraoiseacht	28
Iomaíochas	29
Margadh Aonair don todhchaí	29
Maoin Intleachtúil	30
Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SMEanna)	31
Nuachóiriú ar Chúnamh Stáit	32
Custam	32
Dlí na gcuideachtaí	33
Taighde agus Nuálaíocht	33
Spás	34
Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Gnóthaí Sláinte agus Tomhaltóirí	35
Ar mhaithe le poist	35
Ag díriú ar dheiseanna d’óige na hEorpa	36
Soghluaisteacht saothair ar mhaithe le poist agus fás	36
Cearta, sláinte agus sábháilteacht oibrithe	37
Pacáiste Infheistíochta Sóisialta	37
Comhionannas	37
Beartas sláinte	38
Comhshaoil	40
7ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil	40
Athrú Aeráide	40
Reachtaíocht Comhshaoil	42
Clár oibre idirnáisiúnta ar aeráid agus ar an gcomhshaoil	43
Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh	44
An Áis Chónasctha don Eoraip (CEF)	44
Iompar	44
Teileachumarsáid	45
Fuinneamh	46
Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt	48
Oideachas	48
Óige	49
Cultúr	49
Spórt	49

Ar mhaithe le Cobhsaíocht, Poist agus Fás

Is ionann 2013 agus céim nua d'iarraicht an Aontais Eorpaigh téarnamh a chinntiú. Is éard a bheidh i gceist le hUachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle cobhsaíocht a chinntiú as a leanfaidh poist agus fás.

Leis an gclár seo leagtar amach na cinntí atá fíor agus inlámhsithe a bheimid a bhrú chun cinn agus Éire ag déanamh cathaoirleachta ar idirbheartaíochtaí feadh na naoi bhfoirm éagsúla de chuid na Comhairle ó mhí Eanáir go dtí mí an Mheithimh. Ag obair le chéile lenár gcomhghleacaithe sna Ballstáit eile, leis na hinstiúidí AE agus le geallsealbhóirí eile, beidh Uachtaránacht na hÉireann mar thír téarnaimh dírithe ar théarnamh a bhrú chun cinn san Eoraip.

Ó tharla an ghéarchéim in 2008 léiríodh ag croílár na géarchéime go raibh laige mhór ó thaobh chreat airgeadaíochta agus fioscaigh an Aontais Eorpaigh. Léiríodh difríochtaí suntasacha freisin ó thaobh iomaíochas idir na Ballstáit. Lean leibhéal ard difhostaíochta agus cruatain nach bhfuil inghlactha feadh an AE, ní hamháin in Éirinn, de dheasca éifeachtaí eacnamaíoch agus sóisialta na géarchéime.

Léiríodh leis an ngéarchéim freisin an dlúthbhaint atá ag na geilleagair le chéile. Beidh ar an AE tuilleadh oibre a dhéanamh chun dul i ngleic leis na fadhbanna comónta atá romhainn. Ní mór do Bhallstáit a chinntiú go gcoifídh ailtireacht an Aontais leis an saol mar atá sna geilleagair éagsúla a bhfuil níos mó baint ná riamh acu le chéile laistigh agus lasmuigh dár dteorainneacha. In iomlán, ní mór dúinne san Aontas na nithe atá comhaontaithe againn a fheidhmiú, ár rialachas a threisiú, infheistiú i bhfás agus i gcruthú fostaíochta, Margadh Aonair a fhorbairt don todhchaí agus an bhaint a bhíonn againn lenár gcomhpháirtithe seachtracha a athnuachan. Ní féidir aon am a chur amú.

Agus sinn sa chéad chéim eile den téarnamh, tá sé in am tarraingt ar luachanna agus ar láidreachtaí na hEorpa an méid agus is féidir sin a dhéanamh agus a chruthú go bhféadfaidh an modh Eorpach cinnteoireachta na hathruithe riachtanacha a thabhairt chun críche. Bronnadh Duais Nobel na Síochána ar an Aontas Eorpach mar gheall ar chomh maith agus a d'éirigh leis an eagraíocht sin síocháin seasmhach a bhunú. Is é príomhthionscadal an Aontais do 2013 agus ina dhiaidh sin rathúnas a athbhunú ar shlí chothrom agus inbhuanaithe san fhadtéarma.

Croí-phrionsabail Uachtaránacht na hÉireann

Agus ár dtosaíochtaí á roghnú ón gclár oibre reatha de reachtaíocht agus tionscnaimh AE, cuireadh an cheist chéanna arís agus arís eile – “an ndéanann sé seo difríocht?”

Leagtar amach go mionsonrach leis an gclár beartas seo na tograí agus na tionscnaimh sin a mbeimid ag díriú orthu feadh na réimsí beartas éagsúla agus foirmeacha na Comhairle. Seo a leanas na príomhréimsí a bhfuil sé i gceist againn difríocht a dhéanamh:

Téarnamh duine-lárnach, a bheidh deartha le maireachtáil

Is ionann an tosaíocht is práinní don Aontais agus fás eacnamaíoch as a leanfaidh fostaíocht do dhaoine faoi thionchar na géarchéime, i bhfianaise an líon tubaisteach post atá cailte le blianta beaga anuas. Mar sin, ní mór dúinn cobhsaíocht fhadtréimhseach a chinntiú ar dtús, ag tosú le hathnuachan riachtanach ar rialachas eacnamaíoch san Eoraip. I measc na bpríomhréimsí a gcaithfear dul chun cinn a chinntiú ina leith beidh Aontas Baincéireachta, athchóiriú ar sheirbhísí airgeadais, mar aon le comhordú eacnamaíoch níos fearr tríd an bpróiseas Seimeastair Eorpaigh.

I gcomhar leis sin, cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann béim mhór ar dhífhostaíocht i measc an óige le linn ár dtréimhse sé mhí i mbun oifige. Tá sé beartaithe againn móiminteam a chur leis na Pacáistí Fostaíochta Óige agus Infheistíochta Sóisialta agus comhaontú a chinntiú maidir le cinní sna réimsí sláinte, soghluaisteachta agus oideachais.

Infheistíocht i bhfás atá fabhrach don fhostaíocht agus in acmhainní na hEorpa

Is scéal dearfach é mar a d'éirigh chomh maith leis an Margadh Aonair san Eoraip. Go háirithe, leanfaimid ag brú reachtaíocht chun cinn chun Geilleagar Digiteach na hEorpa a chur chun cinn. Beimid ag iarraidh roinnt bearta a bhaint amach a bheidh dírithe ar an bhfoinse fáis agus fostaíochta is mó lena mbaineann poitéinseal san Eoraip – ár SMEanna. Áireofar orthu sin rochtain níos fearr ar chreidmheas, deiseanna soláthair poiblí agus maoiniú ar thaighde.

Beimid rannpháirteach go dlúth chun comhaontú a chinntiú ar bhuiséad an AE 2014-2020. Leanfaidh obair earnáil-shonrach as sin ar phríomhréimsí mar athchóiriú ar CAP, Comhtháthú agus an clár creata taighde Deiseanna Nua 2020. Díreoidimid ach go háirithe ar phoitéinseal acmhainní nádúrtha na hEorpa ar mhuir agus ar thír ("Fás Gorm"), cuirfidimid Clár Oibre an Gheilleagair Ghlais ar ais mar ba chóir agus é mar threallús d'fhás inbhuanaithe agus cliste.

An Eoraip agus an domhan: rannpháirtíocht a bheidh chun tairbhe sinne agus ár gcomhpháirtithe

Ar ndóigh, ní féidir le téarnamh na hEorpa tarlú leis féin agus ní mór don Eoraip a bheith ina chomhpháirtí éifeachtach ar stáitse an domhain. Tabharfaimid tosaíocht do thrádáil agus oibreoidimid i dtreo margaí nua a oscailt, ag cruthú deiseanna nua d'fhiontar, as a leanfaidh tuilleadh post agus fáis.

Cloífidh Uachtaránacht na hÉireann leis an gclár oibre ó thaobh méadú agus tabharfar tacaíocht d'obair Sheirbhís Eorpach na Gníomhaíochta Seachtraí (EEAS) chun caidrimh lenár gcomharsana a threisiú. Díreoidimid ach go háirithe ar fhorbairt, ar bheartas daonnúil agus go háirithe ar an ngéarchéim ocrais domhanda leanúnach agus ar athrú aeráide. Freisin, agus sinn i mbun Uachtaránachta, oibreoidimid ar mhaithe le caidrimh AE-UN níos láidre, go háirithe sa réimse maidir le bainistiú géarchéime agus oibríochtaí ar son na síochána.

Cur chuige na hÉireann

Tá sé tábhachtach mar a théann an Uachtaránacht i mbun gnó agus mar a dhéileáiltear le Ballstáit eile agus comhpháirtithe eile sna institiúidí AE. Ní féidir déanamh d'uireasa an Choimisiúin Eorpaigh agus Pharlaimint na hEorpa ó thaobh sheachadadh ár gclár oibre. Beimid ag tarraingt ar ár dtaithe náisiúnta sna sé mhí a bheimid in oifig ó thaobh cobhsaíocht eacnamaíoch agus fhioscach arb é an cuspóir atá leis poist a athbhunú agus comhtháthú sóisialta a threisiú. Táimid á dhéanamh sin sa bhaile agus mar Uachtaránacht déanfaimid ár ndícheall clár oibre ar son an fháis agus na fostaíochta a bhrú chun cinn fud fad na hEorpa. Tá ár gcuid oibre mar Uachtaránacht mar chuid den chlár 18 mí atá comhaontaithe lenár Trí comhpháirtí san Uachtaránacht (an Liotuáin agus an Ghréig).

Beidh Éire ag comóradh daichead bliain san Aontas Eorpach in 2013. Is í seo ár seachtú tréimhse i mbun Uachtaránachta. Ó chuathas isteach san Aontas in 1973, tá an tAontas méadaithe ó 9 mBallstát go dtí seacht mBallstát is fiche; tháinig deich mBallstát nua isteach san Aontas le linn Uachtaránacht deiridh na hÉireann in 2004. Tá na hinstiúidí éabhlóidithe agus tá Uachtaránacht na Comhairle tagtha chun cinn freisin. Léireofar inár gcur chuige bunúsach na nithe is fearr a bhí ann sna hUachtaránachtaí roimhe seo – an bróicéir macánta i gcónaí, oscailte agus follasach, sa tóir ar éifeachtúlacht agus fócas láidir ar thorthaí.

Mar aon leis an ngnó a chuirfear i gcrích mar Uachtaránacht sa Bhruiséil, i Strasbourg agus i Lucsamburg, táimid ag súil go mór fáilte a chur roimh 15,000 duine chuig 180 imeachtaí a bhaineann leis an Uachtaránacht in Éirinn idir Eanáir agus Mhí an Mheithimh 2013.

Táimid ag tnúth leis an mBliain Eorpach do Shaoránaigh a sheoladh i mBaile Átha Cliath go luath i mí Eanáir agus le clár éagsúlachta de chultúr na hÉireann a chur i láthair in Éirinn, sa Bhruiséil agus i lárionaid Eorpach eile.

CUID 1: Forléargas

1. Cobhsaíocht a chinntiú

Léirigh an ghéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais na laigí atá in ailtireacht eacnamaíoch agus airgeadaíochta na hEorpa. Déileálfaimid leis na saincheistanna láithreach agus na saincheistanna sa ghearrthéarma ach tá an tábhacht chéanna d'Uachtaránacht na hÉireann le bunúis cobhsaíochta níos buaine a bhunú. Is ionann na bunúis sin agus iad sin atá leagtha amach ag Comhairlí na hEorpa as a chéile, go háirithe Aontas Baincéireachta, an próiseas Seimeastair Eorpaigh agus an chéad chéim eile de leasaithe ar an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta mar a leag an Chomhairle Eorpach amach i mí na Nollag 2012.

Chun an mhúinín fhadtréimhseach atá riachtanach a chinntiú chun go bhféadfar bogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile de théarnamh na hEorpa – poist agus fás – ní mór an chobhsaíocht atáthar a thógáil a bheith daingnithe ar shlí a mhairfidh.

Aontas Baincéireachta

Chomhaontaigh ceannairí na hEorpa d'aon ghuth an t-ordú an nasc idir bainc agus ceannasacht a bhriseadh an 29 Meitheamh 2012. Tá deacrachtaí cruthaithe ag an nasc seo idir na hinstiúidí airgeadais agus ceannasachta ní hamháin don cheannasacht maidir le costas na dtarrthálacha bainc, ach tá impleachtaí aige freisin maidir le soláthar a dhéanamh do ghnólachtaí agus líonta tí creidmheasa inacmhainne. Ní fhéadfaidh geilleagar an AE fás go fóinteach mura mbeidh múinín ag infheisteoirí agus ag tomhaltóirí i gcóras baincéireachta an Aontais agus san ailtireacht rialála atá mar bhonn de.

Sin é an fáth go mbeidh an Uachtaránacht ag iarraidh comhaontú a chinntiú ar thograí an Aontais Bhaincéireachta. Tá sé mar aidhm leis na tograí fadréimseacha seo maoirseacht níos éifeachtaí a dhéanamh, réiteach a fháil ar instiúidí airgeadais atá ag teip agus cosaint níos fearr a fháil do cháiníochtaí agus do thomhaltóirí. Cuideoidh na tograí chun meicníochtaí rabhaidh luath a fhorbairt chun géarchéimeanna baincéireachta sa todhchaí a sheachaint. Oibreoidh an Uachtaránacht i réimsí eile chun rialáil airgeadais a dhaingniú nuair is cuí chun cosaint níos fearr a thabhairt do leasanna tomhaltóirí agus infheisteoirí agus chun na botúin a tharla san am atá caite a sheachaint.

Seimeastar Eorpach

Féachann an próiseas Seimeastair Eorpaigh le cobhsaíocht fhadtréimhseach a chinntiú trí chóras nua de chomhordú beartas eacnamaíoch idir Ballstáit. Tá sé deartha chun a chinntiú go n-aillíneoidh na Ballstáit a mbeartas buiséadach agus eacnamaíoch lena n-oibleagáidí. Is é cuspóir deiridh an Seimeastair fás eacnamaíoch inbhuanaithe as a n-eascróidh cruthú post agus comhtháthú sóisialta athnuaite fud fad na hEorpa i gcomhar le Straitéis 2020 na hEorpa.

Tá treochlár ullmhaithe ag Éirinn mar a dhéanfar bainistiú ar phróiseas Sheimeastar Eorpach 2013 feadh na bhfoirmeacha Comhairle iomchuí agus a gcomhlachtaí ullmhúcháin. Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann ar shlí chomhordaithe agus chomhsheasmhach sa tréimhse go dtí na Comhairlí Eorpacha i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh chun go gcuirfidh ár gcuid oibre le chéile fíor luach leis an bpróiseas maidir le téarnamh na hEorpa a bhaint amach.

Tá rannpháirtíocht pharlaiminteach níos fearr sa phróiseas Seimeastair Eorpaigh riachtanach. Oibreimid le Parlaimint na hEorpa agus le parlaimintí náisiúnta chun é sin a sheachadadh.

Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta – na chéad chéimeanna eile

An 14 Nollaig 2012, d'fhoilsigh an Chomhairle Eorpach a conclúidí ar thodhchaí an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (EMU) agus leag roinnt spriocdhátaí amach. Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tosaíocht do na tograí agus tosaíochtaí a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach, lena n-áirítear i ndáil leis an Sásra Maoirseachta Aonair agus leis an sásra comhréitigh, agus féachfaidh sí len iad a bhrú chun cinn nuair is féidir sin. An tuarascáil dar teideal "Towards a Genuine Economic and Monetary Union", a d'ullmhaigh Uachtarán na Comhairle, i gcomhar le hUachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus an Eurogroup, atá mar fhaisnéis ag na tograí sin, chomh maith le "treoirphlean" ón gCoimisiún Eorpach ar an EMU, a cuireadh chun cinn an 28 Samhain. Tugaimid faoi deara freisin go bhfuil sé de rún ag Uachtarán na Comhairle Eorpaí tograí eile agus learscáil a mbeidh teorainn ama i gceist léi a chur amach maidir le tuilleadh athchóirithe ar rialachas fioscach agus eacnamaíoch faoi Mheitheamh 2013 agus tá sé i gceist againn cur go dearfach leis an bpróiseas sin. Is é cuspóir na mbearta sin EMU níos éifeachtaí agus níos láidre a chruthú, a mbeidh in ann cabhrú le muinín a chothú agus tacú le téarnamh eacnamaíochta agus fás fostaíochta ar feadh na hEorpa.

2. Ag infheistiú i bpoist agus i bhfás inbhuanaithe

Ní mór don AE gach ní a dhéanamh chun go bhféadfar poist a chruthú agus chun fás inbhuanaithe a chinntiú. Beidh Uachtaránacht na hÉireann diongbháilte comhaontú a fháil ar thograí a dhéanfaidh difríocht i ndáiríre do shaoránaigh agus do chruthaitheoirí post. Agus Éire i mbun na hUachtaránachta, ní mór go mbeadh Margadh Aonair don todhchaí mar an chéad chéim eile de théarnamh na hEorpa - mar shampla margadh aonair digiteach – agus ní mór go ndíreofaí ar an gcéad ghlúin eile trí dhul i ngleic le dífhostaíocht i measc an óige.

Caithfear teacht ar chomhaontú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014 – 2020 (MFF) chomh luath agus is féidir. Rachaidh Uachtaránacht na hÉireann i mbun dianoibre le comhpháirtithe, go háirithe le Parlaimint na hEorpa, ar chomhaontú idir-institiúide ar na huirlisí éagsúla a cheadóidh maoiniú a leathadh amach go tapa chun cuidiú le poist agus fás. Tabharfaidh na huirlisí sin spreagadh do chumais taighde agus Nuála an AE, cuirfear comhtháthú chun cinn agus tabharfaidh spreagadh d'infheistíocht chliste inár n-acmhainní nádúrtha ar mhuir agus ar thír.

Margadh Aonair na todhchaí

Is é an Margadh Aonair ceann de na nithe is rathúla den Aontas. Le scór blianta anuas, rinneadh an AE níos iomaíoch dá bharr agus seachadadh buntáistí gan áireamh do chruthaitheoirí post agus do thomhaltóirí trí chéile. Ach ní mór don reachtaíocht a thacaíonn leis an Margadh Aonair coimeád suas leis na treochtaí margaidh nua agus leis an tsíl a mhaireann ár saoránaigh anois

Margadh Aonair Digiteach

Cuirfidh fás sa gheilleagar digiteach tráchtáil trasteorann chun cinn agus feabhsófar iomaíochas, seachadfar buntáistí fadtéarmacha do ghnó agus do thomhaltóirí trí chéile. Oibreoidh an Uachtaránacht lena chinntiú go mbeidh an AE ullmhaithe chun tacú le fás agus fás a spreagadh sa gheilleagar digiteach trí reachtaíocht a bhrú chun cinn ar shaincheisteanna lena n-áirítear chibearshlándaíl, ríomhshínithe/ ríomh-Aitheantas, cosaint sonraí, leathadh amach leathanbhanda ardluais agus inrochtaineacht gréasáin. Reáchtálfaidh Éire Comhthionól an Chlár Oibre Digitigh i mí an Mheithimh 2013, an chéad uair a bheidh an imeacht seo ar siúl lasmuigh den Bhruiséil.

Soghluaisteacht Saothair agus Oideachais

Chun Margadh Aonair níos oscailte a chruthú agus ligean do shaoránaigh leas a bhaint as na deiseanna fostaíochta nua, oibreoidh an Uachtaránacht chun deireadh a chur le bacainní nach spreagfaidh saorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas. Áireofar leis sin céimeanna nua tábhachtacha chun cinn i réimsí mar oibríthe breactha, iniomparthacht pinsin, cearta oibríthe imirceacha a fhorfheidhmiú agus aitheantas frithpháirteach a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla. Ina theannta sin, éascóidh comhaontú ar an togra Erasmus do Chách leanúint soghluaisteacht mac léinn fud fad an Aontais Eorpaigh.

An chéad ghlúin eile: ag dul i ngleic le dífhostaíocht i measc an óige

Ní mór don Eoraip deiseanna a sholáthar do dhaoine óga chun nach gcruthófar 'glúin ar strae'. Mar chuid d'fheidhmíú Chomhshocrú d'Fhás agus do Phoist, oibreoimid chun Rátháíocht Óige a chomhaontú a bheidh dírithe ar oiliúint, staidéar breise nó fostaíocht a sholáthar do dhaoine óga. Beidh dífhostaíocht i measc an óige mar phríomhfhócas freisin den chruinniú Aireachta i mBaile Átha Cliath i mí Feabhra.

Maoiniú do phoist agus fás san AE don todhchaí a dháileadh

Tá sé beartaithe leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (MFF) an creat do phróiseas bliantúil Bhuiséad an AE (2014-2020) a chur ar fáil. Cabhraíonn Buiséad an AE le maoiniú AE a sholáthar chun fás, infheistíocht agus fostaíocht a athsheoladh mar aon leis an Eoraip a dhéanamh níos iomaíche.

Is ábhar riachtanach é mar sin comhaontú a chinntiú ar an MFF ina leagtar amach tograí do mhaoiniú an AE sa todhchaí ó 2014-2020 chun a bheith mar bhonn de théarnamh eacnamaíoch na hEorpa, fás sa todhchaí agus comhtháthú sóisialta. Oibreoidh an Uachtaránacht le hUachtarán na Comhairle Eorpaigh agus le Parlaimint na hEorpa chun comhaontú a chinntiú ar an MFF agus ar a chur i ngníomh.

Comhtháthú

Tacaíonn maoiniú comhtháthaithe le forbairt comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta feadh an AE, go háirithe sna réigiúin bhochta. Tá difríocht déanta aige, feabhsaíodh caighdeán maireachtála na milliún duine san Eoraip agus táthar ag tacú le cruthú post agus le forbairt eacnamaíoch. Tabharfaidh an Uachtaránacht tosaíocht do chomhaontú ar an bpacáiste Comhtháthaithe foriomlán chun buntáistí a sheachadadh do shaoránaigh agus do ghnó AE feadh na mblianta fada atá amach romhainn.

Beartas Talmhaíochta, Iascaigh agus Mara

Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag brú athchóiriú eárnálacha talmhaíochta agus iascaigh na hEorpa chun cinn chun cáilíocht, slándáil agus inbhuanaitheacht sholáthar bia na hEorpa a chinntiú, chun feabhas a chur ar iomaíochas domhanda na n-earnálacha sin agus chun tacú le pobail tuaithe agus geilleagair tuaithe na hEorpa.

Déanfaidh athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CAP) agus ar an gComhbheartas Iascaigh (CFP) sainmhíniú níos fearr ar an ról a bheidh acu ó thaobh fás inbhuanaithe agus cruthú post. Beidh tograí chun an CAP a ghlású mar innill thábhachtacha chun an geilleagar glas AE a spreagadh, agus díreoidh Uachtaránacht na hÉireann ar Fhás Gorm, ag baint leasa as na deiseanna a chuirfear i láthair ón acmhainn atá amach ó chósta 89,000km na hEorpa.

Taighde agus Nuáil

Cuideoidh an clár Deiseanna Nua 2020 chun lárionad taighde agus Nuála den chéad scoth a chruthú san Eoraip agus spreagfar eárnálacha ardpoitéinsil den gheilleagar eolais. Níl an poitéinseal céanna ag aon ní chun é sin a bhaint amach agus atá ag tacaíocht spriocdhírithé do thaighde agus nuálaíocht; oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann chun a chinntiú go mbeidh rochtain dhíreach ag lucht taighde ar mhaoiniú taighde agus Nuála AE i bpróiseas iarratais shimplí agus nach mbeidh an oiread sin gá le rómhaorlathas.

Mar chuid d'fhócas Uachtaránacht na hÉireann ar Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SMEanna), oibreoimid chun rochtain SMEanna ar mhaoiniú taighde a éascú freisin. Beidh an clár Iomaíochas do SMEanna (COSME) mar chuid dár gcuid oibre freisin chun tacú le hiomaíochas na hearnála ardpoitéinsil, cruthú post seo.

Fás cliste agus inbhuanaithe

Is féidir le fás a bheith inbhuanaithe agus ba chóir go mbeadh fás inbhuanaithe agus sa chomhthéacs sin tá an AE i dtús cadhnaíochta sa troid in aghaidh éifeachtaí athrú aeráide. Feadh na réimsí beartas go léir, tá bearta sonracha maidir le fás inbhuanaithe i gclár beartas Uachtaránacht na hÉireann, agus cinntítear go bhfuil an diminsean inbhuanaitheachta mar chuid de go leor bearta eile freisin.

Is éard a bhaineann leis an ngeilleagar a ghlású fostaíocht níos inbhuanaithe a chinntiú feadh an gheilleagair go léir: i ndéantúsaíocht, seirbhísí airgeadais agus turasóireacht, mar aon le réimsí a ceapadh riamh anall gur bhain siad le “poist ghlasa”, mar shampla fuinneamh.

Ó thaobh téarmaí straitéiseacha, cuirfidh Éire fás agus Nuáil glas inbhuanaithe chun cinn san Eoraip trí bhrú a chur ar chomhaontú ar an 7ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil. Áirítear ar na réimsí sonracha ina gcuirfear inbhuanaitheacht níos mó chun cinn forbairt an Bheartais Muirí Lánpháirtithe, cúnaimh forbartha, cánachas fuinneamh, Deiseanna Nua 2020, Gréasáin Tras-Eorpach agus athchóiriú ar thalmhaíocht agus ar iascaigh. Beidh an obair sin go léir ag tarlú i gcomhar leis an gclár suntasach reachtaíochta agus idirnáisiúnta de chuid na Comhairle Comhshaoil le linn ár dtéarma in oifig, agus léireoidimid an nasc idir beartas fuinnimh agus comhshaoil trí chomhchruinniú neamhfhoirmiúil leis na hairí atá freagrach.

Cuireann Eoraip a bheadh cónasctha níos fearr le poitéinseal fáil an AE amach anseo agus mar sin tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tosaíocht do chur i bhfeidhm na hÁise Cónasctha don Eoraip (CEF).

3. An Eoraip agus an domhan

Ní mór don Eoraip féachaint lasmuigh dá teorainneacha agus gníomhú leis na comhpháirtithe domhanda.

Cuirfidh Éire, mar Uachtaránacht, tacaíocht ghníomhach ar fáil don Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus do Bheartas Slándála agus don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí leis an tasc comhleanúnachas agus éifeachtacht bheartas seachtrach an AE a neartú agus freagairt do mhórdhúsláin slándála agus beartais eachtraí. Bainfidimid úsáid as an Uachtaránacht ar an tslí sin chun cur lenár rannchuidiú ar son na síochána, an daonlathais agus an rathúnais.

Tá Éire ag súil go mór ionadaíocht a dhéanamh ar an AE agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin domhanda lena n-áirítear ocras, bochtaineacht agus athrú aeráide.

Mar chuid den iarracht maidir le cobhsaíocht, poist agus fás, tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tosaíocht do chomhaontuithe trádála déthaobhacha le sraith príomhchomhpháirtithe lena n-áirítear Stáit Aontaithe Mheiriceá. Ba chóir go rachadh comhaontuithe den sórt sin chun tairbhe chách a bheidh rannpháirteach iontu agus deiseanna nua agus níos mó a sholáthar.

Síocháin agus daonlathas a chothú agus tacú le síocháin agus le daonlathas

Bronnadh Duais Nobel na Síochána 2012 ar an Aontas Eorpach agus mheabhraigh sin don phobal idirnáisiúnta na luachanna a bhfuil an tAontas bunaithe orthu.

Tá na luachanna sin, go háirithe tiomantas láidir do shíocháin, daonlathas agus cearta an duine, mar chuid lárnach do bheartas eachtrach na hÉireann. Tá siad mar fhaisnéis ag an rannchuidiú a dhéanaimid le forbairt Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais agus le forbairt Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais. Beidh siad sin ag croílár na tacaíochta a thabharfaimid i rith ár nUachtaránachta d'obair an Ardionadaí agus d'obair Sheirbhís Eorpach na Gníomhaíochta Seachtraí (EEAS).

Áirítear ar shaincheisteanna lena mbaineann tábhacht faoi leith d'Éirinn cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn, dul i mbun spriocanna um dhí-armáil agus neamhiomadú domhanda agus an méid is féidir an tAontas a chur le bainistiú géarchéimeanna agus le coimhlíntí a chosc agus a réiteach ar fud an domhain. Oibreoimid le cur i bhfeidhm straitéis an AE maidir le cearta an duine a chur chun cinn; cabhróimid le seasamh an AE a mhúnlú in bpríomh-idirbheartaíochtaí dí-armála agus neamhiomadaithe; agus cabhróimid le hacmhainneachtaí an AE a neartú sa réimse coimhlíntí a chosc agus a réiteach. Toghadh Éire chuig Comhairle na NA um Chearta an Duine le déanaí ar feadh téarma trí bliana a thosóidh an 1 Eanáir 2013, agus cuirfidh sin leis an méid is féidir linn a dhéanamh maidir le beartas um chearta an duine. Dá bharr sin, cuireann an taithí a fuair eamar le próiseas síochána Thuaisceart Éireann agus lenár ról mar Chathaoirleach-in-Oifig ar an Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip (OSCE) in 2012, lenár gcumas rannchuidiú a dhéanamh sa réimse coimhlíntí a chosc agus a réiteach.

Oibreoidh an Uachtaránacht le tuilleadh díograise ar thuilleadh méadú a chur ar an Aontas agus spreagfaimid forbairt shochaí dhaonlathach agus shíochánta i gcomharsanachtaí an Aontais taobh thoir agus ó dheas.

Ag dul i ngleic le bochtaine agus ocraas domhanda

Infheistíonn an AE agus na Ballstáit acmhainní suntasacha airgeadais agus daonna chun deireadh a chur le bochtaine sa domhan atá i mbéal forbartha, ag obair chun daoine a chumhachtú le hathrú ó bhun a chur ar a bpobail agus ar a dtíortha. Ní mór don AE a chinntiú go mbeidh a chúnamh forbartha chomh héifeachtach agus is féidir fad a chuirfear athrú dearfach i gcrích, go ndéanfar a thacaíocht a choimeád (DCD), go mbeidh sin mar bhonn de luachanna an Aontais, agus go bhforbrófar é chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna agus ar dhúshláin nua.

Le linn na hUachtaránachta, oibreoidh Éire le comhpháirtithe chun cabhrú le cur chuige an AE sa todhchaí maidir le beartas forbartha a mhúnlú agus a threisiú. Táimid ag súil go mór fáilte a chur roimh Airí agus roimh shaineolaithe chuig comhdhálacha i mBaile Átha Cliath chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh na daoine is boichte ar domhan agus go háirithe na naisc ríthábhachtacha idir iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar ocraas, cothú agus ceartas aeráide.

Margaí nua d'onnmhaireoirí na hEorpa

Tá sé i gceist ag an Uachtaránacht cur leis an móiminteam ó thaobh idirbheartaíochtaí trádála idir an AE agus tríú tíortha chun go mbeidh rochtain níos mó ag ár n-onnmhaireoirí agus deiseanna níos fearr acu sna margaí sin. Garspriocanna tábhachtacha a bheidh i gcríochnú comhaontuithe trádála le Ceanada agus Singeapór. Déanfaidh an Uachtaránacht iarracht freisin idirbheartaíochtaí Chomhaontú Saorthrádála a chur chun cinn leis an tSeapáin, leis an India agus le comhpháirtithe straitéiseacha eile, agus an caidreamh idir an AE agus an tSín a chur chun cinn le béim ar infheistíocht a chosaint agus ar rochain ar an margadh.

Díreoidh Uachtaránacht na hÉireann go speisialta ar an gcaidreamh trádála AE-Na Stáit Aontaithe, agus é mar aidhm oibriú i dtreo shainordú Comhairle foirmiúil chun tús a chur le hidirbheartaíochtaí ar Chomhaontú Saorthrádála agus Infheistíochta AE-Na Stáit Aontaithe (FTA) cuimsitheach nua.

Ceannasaíocht athnuaite maidir le hathrú aeráide

Sa bhreis ar an obair laistigh dá theorainneacha, ní mór don AE leanúint ag stiúradh an bhealaí ar réitigh a chur chun cinn ar an mbagairt domhanda ó athrú aeráide. Tá clár oibre comhshaoil idirnáisiúnta dúshlánach roimh Uachtaránacht na hÉirinn le linn a téarma in oifig, acu táthar ag tnúth seasaimh AE ar raon saincheisteanna práinneacha a chomhordú agus ionadaíocht a dhéanamh orthu, lena n-áirítear an iarracht maidir le dul i ngleic leis na héifeachtaí atá ag athrú aeráide agus an pláinéad a chosaint do na glúine atá amach romhainn.

CUID 2: Cumraíochtaí na Comhairle

Gnóthaí Ginearálta

Ullmhaíonn an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta (GAC) an bealach do chinntí tábhachtacha ón gComhairle Eorpach. Láimhseáiltear go leor réimsí polasaí leathana a chlúdaíonn méadú, polasaí comhtháthaithe, agus saincheisteanna caidrimh/bainistithe feadh na hInstitiúidí AE.

Inár nUachtaránacht, tacóimid leis an gComhairle Eorpach chun teacht ar réiteach rathúil ar idirbheartaíochtaí ar mhaoiniú an Aontais sa todhchaí. Ag an am céanna, bainisteachimid idirbheartaíochtaí earnáil le hearnáil, Comhairle le Comhairle ar na huirlisí atá riachtanach maidir le fás, poist agus comhtháthú sóisialta.

Maoiniú don todhchaí: An Creat Airgeadais Ilbhliantúil (MFF)

Cinnfidh cinntí ar mhaoiniú AE don todhchaí MFF treo beartas straitéiseach an AE don tréimhse 2014-2020. Tá an MFF ailínithe go mór le Straitéis 2020 na hEorpa. Beidh tionchar ríthábhachtach ar thodhchaí na hEorpa ag maoiniú do phríomhbheartais agus cláir mar an Comhbheartas Talmhaíochta, Deiseanna Nua 2020, Comhtháthú agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. Cuideoidh sé freisin chun cruth a chur ar fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch an Aontais mar aon lena iomaíochas domhanda sna blianta fada atá amach romhainn.

Ag teacht leis an bpríomhchuspóir cobhsaíocht, poist agus fás, oibreoidh an Uachtaránacht lena chinntiú go dtacóidh cláir mhaoinithe an AE leis na nithe seo a leanas:

- » fás inbhuanaithe
- » cumas Nuála na hEorpa
- » infreastruchtúr tábhachtach a fhorbairt
- » fostaíocht agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.

Nuair a bheidh comhaontú na Comhairle cinntithe maidir leis an MFF foriomlán, lorgóidh an Uachtaránacht comhthoiliú Pharlaimint na hEorpa. Ag an am céanna, stiúrfaimid idirbheartaíochtaí laistigh den Chomhairle agus le Parlaimint na hEorpa maidir le gach ceann de na bearta reachtaíochta agus a cheadóidh an buiséad comhaontaithe a úsáid cibé áit a mbeidh tionchar dearfach aige.

Rialachas Eacnamaíoch

Léirigh na géarchéimeanna eacnamaíoch agus fioscach domhanda na laigí i ngeilleagair áirithe san Eoraip agus na heasnaimh in ailtireacht eacnamaíoch agus airgeadaíochta an AE. Tá geilleagair na hEorpa nasctha go dlúth agus féadfaidh tionchar ollmhór agus tapa a bheith ag fadhbanna in aon stát amháin ar stáit eile. Ceann de na freagraí ar an ngéarchéim gur forbraíodh rialachas eacnamaíoch níos fearr.

Lorgaítear leis an Seimeastar Eorpach maoirsiú agus comhordú a fheabhsú ar shraitheanna éagsúla de gheilleagair Bhallstáit lena n-áirítear beartais maicreanamaíoch, buiséadach agus struchtúrtha ar bhonn bliantúil. Is é cuspóir an Seimeastair Eorpaigh airgeadas poiblí níos folláine a chinntiú agus cobhsaíocht a chur chun cinn agus muinín a chur ar ais i ngeilleagair an AE sa bhaile agus go domhanda, chun fás eacnamaíoch agus infheistíocht athnuaite a spreagadh.

Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann iarracht próiseas sruthlínithe agus uilechuimsitheach a chinntiú, bunaithe ar na ceachtanna atá foghlamtha ó Sheimeastair Eorpaigh roimhe seo. Mar atá mionsonraithe sa treoclár, cinnteoidh an Uachtaránacht go mbeidh torthaí an tSuirbhé Fáis Bhliantúil (AGS) pléite go forleathan feadh na gComhairlí éagsúla lena n-áirítear Ecofin, EPSCO agus na Comhairlí Iomaíochais i rith Eanáir agus Feabhra 2013. Ag obair i gcomhar le hArdnáocht na Comhairle, ullmhóidh an Uachtaránacht tuarascáil sintéise mhionsonraithe de chomhráite na nAirí ag Comhairlí earnálacha ar an AGS lena athbhreithniú ag Comhairle Eorpach an Earraigh. Soláthróidh an tuarascáil seo deis chun aird a dhíriú ar ghníomhartha tábhachtacha nach mór don AE agus Ballstáit a dhéanamh feadh raon leathan réimsí beartas a fhéadfaidh tacú le téarnamh eacnamaíoch agus cruthú fostaíochta san Eoraip.

Beidh cinntí maidir le pleanáil náisiúnta eacnamaíoch agus buiséadach bunaithe ar fhreagra na Comhairle Eorpaigh, i gcomhar leis an AGS, a leagfaidh Ballstáit amach sna Chláir Cobhsaíochta agus Cóineasaithe agus sna Cláir Athchóirithe Náisiúnta i mí Aibreáin 2013. Beidh na cláir sin mar bhonn ansin do thograí an Choimisiúin Eorpaigh do Mholtaí Sonracha Tíre (CSRanna) i mí na Bealtaine. Cinnteoidh an Uachtaránacht go mbeidh na CSRanna comhlánaithe in am maith lena n-athbhreithniú agus lena bhformhuiniú ag Comhairle Eorpach mhí an Mheithimh.

Beidh plé leis na comhpháirtithe sóisialacha ag leibhéal Eorpach tábhachtach chun cuspóirí Straitéis na hEorpa 2009 a bhaint amach agus déanfar forbairt air sin tríd an bplé maicreacnamaíoch, an próiseas machnaimh ar an AGS agus an Cruinniú Mullaigh Sóisialach Trípháirte.

Beartas Réigiúnach/Beartas Comhtháthaithe

Tá sé léirithe gur ionann beartas comhtháthaithe agus ceann de na huirlisí is éifeachtaí atá ag an AE chun aghaidh a thabhairt ar na héagothromaíochtaí eacnamaíoch, sóisialta agus críche atá ann idir réigiúin feadh an Aontais. Tá tuilleadh tacaíochta riachtanach chun éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú laistigh den AE - tá GDP per capita níos lú ná 75% den mheán AE ag ceann as ceithre réigiún sna 271 réigiún san Eoraip.

Tá maoiniú comhtháthaithe mar chuid thábhachtach den MFF. Atreisiónn pacáiste tograí reachtaíochta an Choimisiúin Eorpaigh do 2014-2020 an diminsean straitéiseach fadtéarmach de bheartas comhtháthaithe agus moltar comhtháthú níos fearr le tionscnaimh AE eile mar fhorbairt tuaithe, beartais muirí agus iascaigh lena chinntiú go mbeidh infheistíocht AE spriocdhírthe ar spriocanna fadtéarmacha na hEorpa ar fhás agus poist.

Thar ceann na Comhairle, oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann go dlúth le Parlaimint na hEorpa chun teacht ar chomhaontú ar na sé Rialachán a chomhdhéanann an pacáiste comhtháthaithe.

Méadú

Tá leibhéal comhoibríthe cruthaithe ag an Aontas Eorpach idir tíortha nach bhfuil a leithéid eile le fáil. I ndiaidh breis agus leathchéad bliain de chomhoibríú, tá an AE tagtha chun cinn mar cheann de na fórsaí is mó ráth ar domhan maidir le síocháin, rathúnas, daonlathú agus cosaint do chearta an duine sa domhan inniu.

In 2013 beidh Éire ag ceiliúradh an daicheadú bliain ó chuathas isteach san AE ag tráth ar tharla an chéad mhéadú ar an Aontas. Le linn na hUachtaránachta deiridh in 2014, d'fháiltigh Éire roimh dheich mBallstát nua isteach san AE i rith an 'Lá Fáiltithe'. In 2013 leanfaidh Uachtaránacht na hÉireann ag tabhairt tosaíochta do bheartas méadaithe inchreidte bunaithe ar an bprionsabal coinníollachta. Cé go n-oibreoidh an Uachtaránacht go dian chun méadú a chur chun cinn agus tacú le stáit agus iad ag ullmhú do chomhaltas, braithfidh go leor ar an dul chun cinn a dhéanfaidh na stáit féin.

Ar an gcéad dul síos, mairseoidh an Uachtaránacht breithniú na tuarascála monatóireachta deiridh maidir leis an gCróit agus táthar ag súil le haontachas na Cróite chuig an AE an 1 Iúil 2013. Déanfaidh an Uachtaránacht tuilleadh oibre chun na hidirbheartaíochtaí aontachais leanúnacha leis an Íoslainn a chur chun cinn. Lorgófar móiminteam a chur ar ais sa phróiseas aontaithe leis an Tuirc. Oibreoidh an Uachtaránacht chun na hidirbheartaíochtaí a seoladh le déanaí le Montainéagró a bhrú chun cinn.

Déanfaidh an AE, faoi Uachtaránacht na hÉireann, plé agus b'fhéidir comhaontú ar na chéad chéimeanna eile atá le tógáil chun uailmhianta Eorpacha na Seirbia, Phoblacht Iar-lúgslavach na Macadóine agus na hAlbáine a chomhlíonadh.

Beartas Muirí Lánpháirtithe

Tá cósta 89,000km ar fhad san Eoraip agus cruthaíonn an ghníomhaíocht eacnamaíoch a bhaineann leis an bhfarraige fostaíocht do thart ar 5.4 milliún saoránach feadh an AE. Meastar sa Choimisiún Eorpach go n-ardóidh sin go dtí 7 milliún faoi 2020. Sa bhreis air sin, déantar 75% de thrádáil seachtrach na hEorpa agus 37% de thrádáil laistigh den AE thar farraige, agus léiríonn sin an tábhacht atá le beartas muirí comhordaithe a bheidh ag teacht le cuspóirí Straitéis 2020 na hEorpa.

Mar náisiún oileánda, cuireann Éire go leor tábhachta ar shaincheisteanna muirí agus an poitéinseal d'fhás i raon leathan réimsí lena n-áirítear iascaigh inbhuanaithe, iompar mara, fuinneamh inathnuaite, biteicneolaíocht, taiscéalaíocht ar ghriinneall na farraige do mhianraí, turasóireacht agus forbairt réigiúnach. Is céim dhearfach é an comhaontú a comhaontaíodh in Limassol faoi Uachtaránacht na Cipire i mí Dheireadh Fómhair 2012 maidir le beartas post agus fás dírithe ar mhuir d'fhorbairt Beartas Muirí Lánpháirtithe don AE amach anseo. Tógfaidh Uachtaránacht na hÉireann air sin.

Oibreoidh an Uachtaránacht chun an togra ar Phleanáil Spáis Muirí (MSP) a chur ar aghaidh, togra a bhfuil sé mar aidhm leis leasanna earnálacha éagsúla a chothromú lena chinntiú go mbainfidh na Ballstáit úsáid éifeachtúil agus inbhuanaithe as acmhainní mara luachmhara. Oibreofar i dtreo fheidhmiú an tionscnaimh "Fás Gorm" a chur chun cinn.

Tá Éire, mar Uachtaránacht, ag súil dul chun cinn a dhéanamh freisin ar fhorbairtí plean gníomhaíochta don Straitéis Atlantaigh chun obair sa réimse seo a chomhdhlúthú agus a fhorbairt tuilleadh agus a chinntiú go mbainfidh pobail ar an gcósta tairbhe as saothrú inbhuanaithe acmhainní shaibhir an Atlantaigh. Beidh an GAC mar Chomhairle do thionscnaimh polasaí leathana i gceannas na straitéise seo.

Cibearshlándaíl

Mar chuid den tosaíocht don Mhargadh Aonair Digiteach agus don Chlár Oibre Digiteach, tá an Uachtaránacht ag súil le foilsiú chomhráiteas an Choimisiúin Eorpaigh agus an Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus Beartas Slándála ar Straitéis Eorpach ar chibearshlándaíl a bhfuiltear ag súil leis go luath in 2013. Is é aidhm na Straitéise timpeallacht shábháilte, shlán agus athléimneach a chinntiú do na saoránaigh, gnólachtaí, agus comhlachtaí poiblí go léir san AE agus obair an AE a threisiú maidir le comhoibriú idirnáisiúnta ar chibearshlándaíl agus ar chibearchoireacht. Le linn na hUachtaránachta, oibreoidh Éire chun forbairt cur chuige comhleanúnach agus lánpháirtithe ar cibearshlándaíl ag leibhéal AE a chur chun cinn chun iontaobh agus muinín gnólachtaí agus thomhaltóirí a chur chun cinn a spreagann fás ar líne.

Gnóthaí Eachtracha

Tá an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha (FAC), a bhfuil de chúram uirthi beartas eachtracha an Aontais a chinneadh, faoi chathaoirleacht Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus Beartas Slándála. Tabharfaidh Éire, mar Uachtaránacht, tacaíocht ghníomhach d'obair an Ardionadaí agus d'obair Sheirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (EEAS). Cabhróidh sí leo maidir le comhleanúnachas agus éifeachtacht sheachtrach an AE a neartú, agus le freagra an AE ar dhúshláin an lae ó thaobh beartas eachtrach agus slándáil a chur in iúl. Cuirfidh sí, dá bharr sin, lena rannchuidiú féin maidir le dul i mbun síochána domhanda, daonlathais agus cearta an duine.

Creideann Éire go láidir sa ról atá ag comhoibriú forbartha, agus oibreoidimid le linn na hUachtaránachta chun aird a tharraingt ar dhul i ngleic le hocras agus bochtaine agus ar dhúshláin nua mar an tionchar atá ag athrú aeráide ar na réigiúin agus na daoine is boichte ar domhan.

Maidir le hUachtaránacht na hÉireann, beidh príomh-thosaíocht ann do thrádáil idirnáisiúnta agus spreagadh a chur faoi chomhaontuithe trádála le comhpháirtithe ar fud an domhain, lena n-áirítear na Stáit Aontaithe. Molfaidh Uachtaránacht na hÉireann comhoibriú níos dlúithe agus rannpháirtíocht le comhpháirtithe an AE san Áise.

Mar Uachtaránacht, oibreoidh Éire leis an Ardionadaí agus leis an EEAS chun comhtháthú agus éifeachtacht níos fearr a chur chun cinn maidir le beartais sheachtracha AE, lena n-áirítear ag na Náisiúin Aontaithe agus ag fóraim iltaobhach eile. Áireofar leis sin ag cabhrú lena chinntiú go mbeidh an AE ag labhairt le haon ghuth amháin le linn idirbheartaíochtaí idirnáisiúnta.

Trína tacaíocht don Ardionadaí agus don EEAS, agus trí na rannchuidithe a dhéanann sí le forbairt agus cur in iúl bheartais sheachtracha an Aontais, cabhróidh Éire lena chinntiú go mbeidh na beartais sin bunaithe i mbunluachanna an AE mar síocháin, daonlathas agus meas ar chearta an duine. Ábhar spéise faoi leith a bheidh i gcosaint agus i gcur chun cinn cearta an duine, lena n-áirítear tacaíocht d'Ionadaí Speisialta an AE maidir le Cearta an Duine, agus do chur i bhfeidhm straitéis an AE maidir le cearta an duine. Cabhróidh Éire le forbairt a dhéanamh ar bheartais agus seasamh an AE sa réimse dí-armála agus neamhiomadaithe armán. Agus cuirfidh sí le hacmhainneachtaí an AE a neartú sa réimse coimhlíntí a chosc agus a réiteach.

Trádáil agus Infheistíocht Idirnáisiúnta

Tá patrúin trádála domhanda ag athrú agus ní mór don AE na deiseanna atá á dtairiscint ag margaí atá ag fás go tapa sna tíortha tríú domhanda a thapú. Leis an gcinneadh cruinniú neamhfhoirmiúil a reáchtáil d'Airí Trádála léirítear go bhfuil ardtosaíocht leis an gcuspóir seo d'Éirinn.

Ceanada

Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann chun cuidiú le tabhairt chun críche idirbheartaíochtaí Saorthrádála idir an AE agus Ceanada go rathúil.

An Chomharsanacht Thoir agus Theas

Tá caidreamh eacnamaíoch agus tráchtála tábhachtach ag an AE le go leor tíortha inár gcomharsanachtaí Thoir agus Theas. Gné thábhachtach eile d'Uachtaránacht na hÉireann ná an caidreamh sin a neartú chun an sreabhadh trádála agus infheistíochta a fheabhsú agus chun tacú lena bhforbairt shóisialach agus eacnamaíoch.

An tSín, an tSeapáin, an India agus tíortha ASEAN

Is tosaíocht é freisin dul chun cinn a bhaint amach ó thaobh idirbheartaíochtaí ar Chomhaontuithe Saorthrádála (FTA) agus ar chomhaontuithe Cosanta Infheistíochta le tríú tíortha eile lena n-áirítear an tSeapáin, an India agus tíortha an ASEAN. Íslíonn léirscaoileadh trádála trí Chomhaontuithe Saorthrádála bacainní trádála agus soláthraítear rochtain níos fearr ar an margadh d'onnmháireoirí AE i dtírú tíortha. Díreofar aird faoi leith ar chaidreamh an AE leis an tSín le béim ar infheistíocht a chosaint agus rochtain ar an margadh. Tacóimid freisin le comhoibriú níos fearr idir an Áise agus an Eoraip sa phróiseas ASEM ar ábhair inní réigiúnacha agus idirnáisiúnta.

Na Stáit Aontaithe

Tá naisc infheistíochta agus trádála láidre ag an AE agus na Stáit Aontaithe, dhá cheann de na bloic thrádála is mó ar domhan, cheana féin. Bheadh tionchar suntasach agus dearfach ag conclúid rathúil de Chomhaontú Saorthrádála leis na Stáit Aontaithe sa todhchaí ar thrádáil agus bheadh margaí nua mar thoradh air sin d'onnmháireoirí na hEorpa agus bheadh éifeachtaí dearfacha mar thoradh air do chruthú post agus iomaíochas. Oibreoidh an Uachtaránacht go dian chun moltaí an Ghrúpa Ardleibhéil ar Phoist agus Fás a chur chun cinn. Áireofar leis sin oibriú chun teacht ar chomhaontú ar theoirilínte do Chomhaontú Saorthrádála nua idir an AE agus na Stáit Aontaithe.

Ag tacú le hobair an WTO

Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann chun tacú leis an WTO agus leis an gcóras trádála iltaobhach i mbliain a dtosóidh Ard-Stiúrthóir nua i mbun oifige agus ina dtionólfar Comhdháil Aireachta tábhachtach i mBali chun treo an WTO sa todhchaí a bhunú agus an Babhta Doha d'idirbheartaíochtaí.

Infheistíocht Dhíreach Eachtrach

Oibreoidh an Uachtaránacht le Ballstáit agus le Parlaimint na hEorpa ar thogra chun creat a bhunú chun freagracht airgeadais a bhainistiú a bheidh nasctha le binsí réiteach diospóide idir infheisteoirí- stáit. Is príomhghné é an togra seo chun tógáil ar bheartas an AE ar Infheistíocht Dhíreach Eachtrach.

Beartas Forbartha agus Daonnúil

Tá rannchuidiú na hÉireann le forbairt idirnáisiúnta mar chuid lárnach dá beartas eachtrach, le béim láidir ar dhul i ngleic le bochtaine agus ocras, agus le síocháin, meas ar chearta an duine agus ceartas a chur chun cinn. Is iad sin na luachanna a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe orthu freisin agus tá siad mar bhonn taca do ról an AE ar an ardán domhanda.

An AE agus na Ballstáit a chuireann níos mó ná leath den chúnamh forbartha domhanda ar fáil. Cé go ndéanann an tacaíocht sin saolta daoine a shábháil, daoine agus pobail i dtíortha i mbéal forbartha a chumhachtú agus cabhrú le hinstiúidí shochaithe daonlathacha a thógáil, is é an dúshlán leanúnach atá roimhe an Aontas i gcónaí ná a chinntiú go mbeidh a chúnamh airgeadais chomh héifeachtach agus is féidir maidir le saolta na ndaoine bochta i dtíortha i mbéal forbartha a athrú.

Tagann an Uachtaránacht ag am ríthábhachtach ó thaobh an chláir oibre forbartha idirnáisiúnta roimh Imeacht Speisialta na Náisiún Aontaithe 2013 ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise (MDGanna) agus tús á chur le hobair chun creat iar-2015, an sprioc do na MDGanna, a mhúnlú.

Oibreoidh an Uachtaránacht leis an Ardionadaí, leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit chun dul chun cinn a dhéanamh i dtrí réimse gaolmhara:

- » aghaidh a thabhairt ar nascálacha idir ocras, cothú agus tionchar athrú aeráide ar na tíortha is boichte ar domhan agus réitigh a lorg. Beidh an saincheist seo faoi réir chomhdháil idirnáisiúnta i rith na hUachtaránachta i mBaile Átha Cliath i mí Aibreáin 2013.
- » feabhas a chur ar na naisc idir obair ar son faoiseamh daonnúil, téarnamh agus forbairt san fhadtéarma
- » ag obair le comhpháirtithe chun teacht ar chomhaontú ar sheasamh AE don Imeacht Speisialta de chuid na Náisiún Aontaithe 2013 ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise agus ar mhúnlú beartas forbartha sa todhcháí tar éis 2015

Beartas Cosanta

Féachann Comhbheartas Slándála agus Cosanta an AE (CSDP) le cumas seachtrach an AE dul i mbun gnímh a neartú trí chumais mhíleata agus shibhialtacha a fhorbairt do Chosc Coimhlinte agus Bainistiú Géarchéime.

Mar Uachtaránacht, oibreoidh Éire go dlúth leis an EEAS chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chumais mhíleata ar féidir a imscaradh chun tacú leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta. Leanfaidh Éire ar aghaidh ag tacú le hoibríochtaí bainistithe géarchéime reatha an AE agus le grúpaí catha AE a fhorbairt.

Féachfaidh Éire leis an gcaidreamh idir eagraíochtaí réigiúnacha agus na NA a neartú, go háirithe trí rannpháirtíocht in oibríochtaí Síochánaíochta na NA. Tionólfar seimineár dar teideal “Regional Organisations’ Co-operation with the United Nations in the area of Crisis Management and Peace Support Operations” i mBaile Átha Cliath i mí Feabhra 2013. Féachfaidh Uachtaránacht na hÉireann le feabhas a chur ar chomhoibriú sa réimse Slándáil agus Faireachas Muirí.

Oibreoidh Éire go dlúth leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (EDA), ag tacú le tuilleadh comhoibríthe i measc na mBallstát maidir le cumais Cosanta a sholáthar faoi thionscnaimh “Roinnte” an EDA, ag tógáil ar chonclúidí na Comhairle Eorpaí i mí na Nollag 2012.

Cabhróidh Uachtaránacht na hÉireann, i ndlúth-chomhoibriú leis an EEAS, le réamhphléití ullmhúcháin roimh dhíospóireacht bheartaithe ar shaincheisteanna cosanta ag an gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2013.

Beartas Comharsanachta na hEorpa

Oibreoidh an Uachtaránacht go dlúth leis an EEAS chun tacú le feidhmiú cur chuige dreasacht bhunaithe de Bheartas Comharsanachta na hEorpa agus is é an aidhm atá leis athchóirithe daonlathach a chur chun cinn agus forbairt eacnamaíoch a threisiú sna tíortha comharsanacha soir ón Aontas agus ó dheas den Aontas.

Gnóthaí Eacnamaíoch agus Airgeadais

Ina ról mar chathaoirleach ar Chomhairle na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (Ecofin) le linn na hUachtaránachta, beidh Éire ag obair chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí na géarchéime eacnamaíche, ag cur tionscnamh i bhfeidhm chun cobhsaíocht agus téarnamh níos mó a chur chun cinn. Cabróidh sé sin le muinín a spreagadh i ngeilleagar na hEorpa, ag cur go mór leis na tionscnaimh reachtaíochta arna aithint ag an Uachtaránacht in iliomad Comhairlí eile chun tacú le téarnamh eacnamaíoch agus cruthú fostaíochta san Eoraip a threisiú.

Oibreoidh Éire chun toradh sásúil a bhaint amach maidir leis na hidirbheartaíochtaí “Dhá-Phaca” atá ar bun chomh luath agus is féidir faoina hUachtaránacht. Sa bhreis ar bhearta rialachais eacnamaíoch an Aontais a chur i bhfeidhm agus go háirithe an Seimeastar Eorpach, beidh an Uachtaránacht ag obair lena comhpháirtithe san Eoraip chun teacht ar chomhaontú maidir le coinníollacha d’athchóiriú córais airgeadais chobhsaí. Déanfaidh Éire é sin trí thús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí (a) a dhíchuireann neamhchinnteachtaí in earnáil na baincfeireachta, (b) a chobhsaíonn tuartha fioscacha agus (c) a threisiúnn téarnamh. Cabróidh baint amach na n-aidhmeanna sin le iontaobhas agus muinín in eacnamaíocht na hEorpa a chur chun cinn do thomhaltóirí, do ghnó agus d’infheisteoirí.

Beidh an Uachtaránacht ag obair lena comhpháirtithe san Eoraip chun pléití a chur chun cinn maidir le cinntí a rinneadh ag cruinniú na Comhairle Eorpaí ar an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (EMU) i mí na Nollag, le súil agus EMU níos éifeachtaí agus níos láidre a chruthú a bheidh in ann cabhrú le muinín a chothú agus tacú le téarnamh eacnamaíochta agus fás fostaíochta ar feadh na hEorpa.

Déanfaidh an Uachtaránacht, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an mBanc Ceannais Eorpach (ECB) ionadaíocht ar an AE ag cruinnithe de chuid Rialtas na nAirí Airgeadais G20 agus an Bhainc Cheannais agus a gcuid Teachtaí Dála.

Tá éifeachtaí na géarchéime eacnamaíche agus airgeadais fós le brath ar fud na hEorpa. Cuireann na cinntí a rinneadh le roinnt míonna anuas áfach ag na Cinn Stáit agus ag an Rialtas – rialachas fioscach agus eacnamaíoch níos fearr, an tAontas Baincfeireachta, Comhshocrú le haghaidh Post agus Fáis, straitéis 2020 na hEorpa – creat láidir ar fáil don AE chun tacú le comhdhlúthú fioscach riachtanach chomh maith le fás agus téarnamh inbhuanaithe.

An tAontas Baincéireachta: Ag tacú le cobhsaíocht agus ag cur le muinín

Tá earnáil seirbhísí airgeadais shláintiúil mar chuid lárnach d'aon gheilleagar. Trí creidmheas agus tacaíochtaí eile a sholáthar, tá an earnáil baincéireachta riachtanach chun tacú le téarnamh eacnamaíoch agus muinín san Eoraip. Is cuid ríthábhachtach do thodhchaí an EMU agus an Mhargaidh Aonair é comhtháthú airgeadais a fheabhsú san AE. Cuirfidh cobhsaíocht i gcóras baincéireachta an Aontais iontaobhas, creidiúnacht agus muinín chun cinn laistigh den AE agus lasmuigh di, agus beifear in ann filleadh ar infheistíocht agus fás dá bharr. Ba chóir do chur i bhfeidhm rathúil bhearta an Aontais Baincéireachta éascaíocht a dhéanamh ar an nasc idir an earnáil airgeadais agus an cheannasacht a bhriseadh. Ar na hábhair sin, tabharfaidh an Uachtaránacht tús áite do chomhaontú maidir le hAontas Baincéireachta don AE lena n-áirítear:

Is bunús tábhachtach é an Sásra Maoirseachta Aonair (SSM) le go mbeidh muinín ag daoine as maoirseacht ar feadh na hEorpa. Thángthas ar chomhaontú SSM ag an gcruinniú Ecofin i mí na Nollag 2012 agus sheas an Chomhairle Eorpach leo ina dhiaidh sin. Tugann an comhaontú sin sainordú don Uachtaránacht dul i mbun pléití le Parlaimint na hEorpa. Faoi Uachtaránacht na hÉireann tabharfaimid tosaíocht do theacht ar chomhaontú luath leis na comhreachtóirí inár gcomhairliúcháin le Parlaimint na hEorpa.

Cuireann an SSM an chéad ghné den phacáiste bearta Aontais Baincéireachta ar fáil. Táimid ag súil le dul chun cinn tapa a fheiceáil i dtreo comhaontú ar na gnéithe eile – Téarnamh agus Réiteach Banc agus Scéimeanna Ráthaithe Taisce, agus le comhaontú ar an Treoir um Riachtanais Chaipitil IV.

Rialáil Airgeadais a Threisiú

Déanfaidh an Uachtaránacht bainistíocht ar an gclár oibre i réimsí eile seirbhísí airgeadais chun maoirseacht a neartú agus cosaint níos fearr a dhéanamh ar leasanna tomhaltóirí agus infheisteoirí. Tá sé sin ríthábhachtach chun cobhsaíocht agus muinín sa chóras airgeadais a aischoiriú.

Is iad cuspoirí Uachtaránacht na hÉireann muinín a chur chun cinn trí mhargaí airgeadais a dhéanamh níos éifeachtaí, níos athléimní agus níos follasaí chomh maith leis an chosaint a thugtar d'infheisteoirí a threisiú.

Féachann an Treoir agus Rialachán um Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFID/MiFIR) le forálacha náisiúnta a bhaineann le rochtain ar ghníomhaíocht na ngnólachtaí infheistíochta agus soláthraithe seirbhíse gaolmhara, módúlachtaí dá rialachas agus a gcreat maoirseachta a chomhchuihbhiú. Tá ionaid trádála agus táirgí agus forbairtí teicneolaíoch mar trádáil ardmhínicíochta i ndiaidh tírdhreach na margaí a athrú. Tugann na tograí freagairt ar an riachtanas atá ann follasacht agus maoirseacht na margaí nach ndéantar an oiread sin rialáil orthu a fheabhsú, lena n-áirítear margaí díorthach, agus aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist maidir le luaineacht na bpraghsanna iomarcacha i margaí díorthach tráchtearraí. Méadóidh an creat nua cumhachtaí maoirseachta na rialtóirí agus soláthróidh sé rialacha oibriúcháin soiléire maidir le gach gníomhaíocht trádála. Tá sé mar aidhm ag an Uachtaránacht comhaontú a thabhairt chun críche leis an gComhairle chomh luath agus is féidir agus roinnt pléití trípháirte a dhéanamh leis an bParlaimint sa réimse margaí agus urrúis. Déanfaidh sí dul chun cinn freisin ar shainchomhaid sa réimse tomhaltóra, lena n-áirítear an Treoir um Chreidmheas Morgáiste.

Buiséad Bliantúil an AE

Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann iarracht an buiséad bliantúil do 2013 a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Tabharfar tosaíocht don nós imeachta forghníomhaithe buiséid agus d'ullmhú treoirlínte an bhuiséid do 2014.

Cánachas

Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag féachaint le dul chun cinn a dhéanamh ar an gCáin ar Idirbhearta Airgeadais (FTT), lena n-áirítear obair i dtreo comhaontaithe leis an nós imeachta um chomhar feabhsaithe a chur chun cinn. Leanfar leis an bplé ar Chomhbhonn Cánach Corparáide Comhdhlúite (CCCTB). Leanfaidh Comhairle Ecofin ag obair ar thograí a éascóidh freagairtí tapa agus éifeachtacha maidir le calaois CBL i bhfoirm na meicníochtaí mear-imoibríthe aistriúcháin táille agus, chomh maith le tograí maidir le cóireáil CBL ar dhearbháin agus clár gníomhaíochta Fiscalis do chánachas san AE don tréimhse 2014 go dtí 2020. Tá faoin Uachtaránacht freisin an togra a glacadh le déanaí do Rialacháin cur chun feidhme ar rialacha CBL do sheirbhísí trasteorann a chur chun cinn.

Déanfaidh an Uachtaránacht dul chun cinn chomh maith ar athbhreithniú na Treorach um Cháin Fuinnimh atá mar chuid de phacáiste Ghníomh I um an Margadh Aonair.

Tabharfaidh an Uachtaránacht ar aghaidh Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin chun troid i gcoinne Calaoise Cánach agus Imghabháil Cánach, lena n-áirítear a chuid Moltaí maidir le Tearmainn Cánach agus Pleanáil Cánach Ionsaitheach.

Oibreoidh an Uachtaránacht chomh maith i dtreo comhaontú na Treorach Coigiltis athbhreithnithe agus sainorduithe idirbheartaíochta le tríú tíortha, de réir ordacháin na Comhairle Eorpaí.

Seimeastar Eorpach

Tá an Seimeastar Eorpach i bhfeidhm ó Eanáir 2011 agus léirítear leis cur chuige nua i leith faireacháin eacnamaíochta. Cuireadh le chéile é lena chinntiú go ndéantar gach beartas eacnamaíoch a anailísiú agus a mheasúnú le chéile agus lena chinntiú go mbeidh réimsí beartas nár clúdaíodh go córasach roimhe seo faoi fhaireachán eacnamaíochta - ar nós éagothromais maicreacnamaíochta agus saincheisteanna san earnáil airgeadais - curtha san áireamh. Beidh bainistiú éifeachtach ar an tríú thimthriall den Seimeastar Eorpach lárnach in Uachtaránacht na hÉireann.

An “Sé-Phaca” agus an “Dhá-Phaca” de Reachtaíocht Rialachais Eacnamaíochta

Tá an “Dhá-Phaca” leagtha amach chun cóineasú agus lánpháirtíú eacnamaíochta a fheabhsú i measc Ballstát i limistéar an Euro. Cuireann sé leis an pacáiste reachtaíochta “Sé-Phaca” do rialachas eacnamaíochta AE a tháinig i bhfeidhm i Samhain 2011. Tá sé mar aidhm leis na rialacháin a bhfuil dhá dhréacht leo, comhordú agus faireachán na bpróiseas buiséid do gach Ballstát i limistéar an Euro a fheabhsú. Oibreoidh Éire chun toradh sásúil a bhaint amach ar na hidirbheartaíochtaí chomh luath agus is féidir faoina Uachtaránacht.

Treoir do Thabhairt Chun Críche an EMU

An 14 Nollaig 2012, d’fhoilsigh an Chomhairle Eorpach a conclúidí ar thodhchaí an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (EMU) agus leag roinnt spriocdhátaí amach. Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann tosaíocht do na tograí agus tosaíochtaí a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach, lena n-áirítear i ndáil leis an Sásra Maoirseachta Aonair agus leis an sásra comhréitigh, agus féachfaidh sí len iad a bhrú chun cinn nuair is féidir sin. An tuarascáil dar teideal “Towards a Genuine Economic and Monetary Union”, a d’ullmhaigh Uachtarán na Comhairle, i gcomhar le hUachtaráin an Choimisiúin Eorpaigh, an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus an Eurogroup, atá mar fhaisnéis ag na tograí sin, chomh maith le “treoirphlean” ón gCoimisiún Eorpach ar an EMU, a cuireadh chun cinn an 28 Samhain. Tugaimid faoi deara freisin

go bhfuil sé de rún ag Uachtarán na Comhairle Eorpaí tograí eile agus learscáil a mbeidh teorainn ama i gceist léi a chur amach maidir le tuilleadh athchóirithe ar rialachas fioscach agus eacnamaíoch faoi Mheitheamh 2013 agus tá sé i gceist againn cur go dearfach leis an bpróiseas sin. Is é cuspóir na mbearta sin EMU níos éifeachtaí agus níos láidre a chruthú, a mbeidh in ann cabhrú le muinín a chothú agus tacú le téarnamh eacnamaíochta agus fás fostaíochta ar feadh na hEorpa.

Airí Airgeadais G20, Gobharnóirí an Bhainc Ceannais agus Cruinnithe Teachtaí Dála

I mí na Nollag 2012, chuaigh an Rúis i mbun Uachtaránacht an G20, an grúpáil neamhfhoirmiúil de na geilleagair is mó ar domhan. Is é an príomhthosaíocht atá ag Uachtaránacht na Rúise ná obair an G20 a dhíriú ar bhearta a fhorbairt chun borradh a chur faoi fás eacnamaíochta agus chun poist a chruthú. Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le Banc Ceannais na hEorpa (ECB) ionadaíocht ar son an AE ag cruinnithe de chuid na nAirí Airgeadais G20 agus na nGobharnóirí Bainc agus a dTeachtaí Dála. Tacóidh an Uachtaránacht le le comhordú agus cur i láthair sheasamh an AE ar fhorbairtí sa gheilleagar domhanda, san infheistíocht agus fás, sa rialáil agus san athchóiriú ar an gCóras Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus déanfaidh sí gach iarracht saincheistanna a bhaineann le fás athnuaite ag leibhéal an AE a chur chun cinn trí rannpháiríocht éifeachtach ag an leibhéal G20. Beidh sé mar aidhm ag an Uachtaránach freisin, muinín a chur chun cinn i measc a comhpháirtithe idirnáisiúnta i bpróiseas téarnaimh na hEorpa.

Ceartas agus Gnóthaí Baile

Tá ról lárnach ag an gComhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (JHA) maidir le saoránaigh agus cearta na saoránach a chosaint. Tacaíonn an Chomhairle chomh maith le fás eacnamaíoch san Eoraip trí bhunshraitheanna riail an dlí a leagan anuas agus trí shábháilteacht agus slándáil a chur chun cinn. Tacaíonn an Uachtaránacht go hiomlán leis an gcoincheap Dlí agus Cirt agus feidhmeoidh sí go gníomhach le dul chun cinn beart agus tionscnamh sa réimse sin. Le linn Bhliain Eorpach na Saoránach, tá an Uachtaránacht tiomanta dul chun cinn a dhéanamh maidir le cosaint sonraí agus le bearta chun na sonraí a fhaightear trí ghníomhaíocht choiriúil a reo agus a choigistiú.

Leagan Clár Stócolm amach tosaíochtaí an Aontais i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais don tréimhse 2010 go dtí 2014. Tá sé mar aidhm aige chomh maith aghaidh a thabhairt ar dhúshlán sa todhchaí le gníomhaíochtaí a dhíríonn ar leasanna agus ar riachtanais na saoránach. Soláthraíonn an Clár treochlár do dhul chun cinn sna réimsí sin agus oibreoidh an Uachtaránacht lena chinntiú go leanfaidh cur i bhfeidhm an Chláir Stócolm.

Ceartas d'Fhás: muinín a threisiú sa Mhargadh Aonair

Tá an saol níos éasca do na milliún duine mar gheall ar an méadú atá tagtha ar úsáid idirlín, na meáin shóisialta, domhandú aistrithe sonraí agus dul chun cinn teicneolaíoch eile, ach tagann méadú ar bhailiú, úsáid agus próiseáil sonraí pearsanta ar fud an domhain chomh maith. Tá bonn nua dlíthiúil maidir le rialacha cosanta sonraí an AE i gConradh Liospóin agus cumhdaíonn an Chairt um Chearta Bunúsacha cosaint sonraí pearsanta chomh maith mar cheart bunúsach. Mar chuid dá fhócas ar an gclár oibre digiteach, oibreoidh an Uachtaránacht le teacht ar réiteach sa Chomhairle ar phríomhghnéithe den phacáiste um Chosaint Sonraí. Tá sé sin dírithe ar a chinntiú go mbeidh níos mó smachta ag saoránaigh ar a sonraí pearsanta. Neartóidh an dul chun cinn atá déanta ag an Uachtaránacht sa réimse seo muinín sa gheilleagar digiteach agus tacóidh sé le fás an Mhargaidh Aonair Dhigitigh.

Oibreoidh an Uachtaránacht go dian chun Ordú Buanchoimeáda an Chuntais Eorpaigh a bhrú chun cinn chun téarnamh na bhfiach trasteorann i gcúrsaí sibhialta agus tráchtála a éascú. Feabhsóidh an togra éifeachtacht agus cur i bhfeidhm breithnithe i gcúrsaí sibhialta agus tráchtála a bhaineann le díospóidí trasteorann. Aidhm thábhachtach den togra seo is ea níos mó gníomhaíochta gnó trasteorann a spreagadh laistigh den AE trí na rioscaí a bhaineann le gníomhaíocht den chineál sin a laghdú. Dá réir sin, measann an Uachtaránacht go mbeidh tábhacht ar leith ag baint leis an togra san earnáil d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SMEanna). Cuirfidh an Uachtaránacht tús chomh maith le hobair ar thogra an Choimisiúin le haghaidh Rialacháin maidir le dócmhainneacht a bheartaítear chun tacú le gnóthaí beaga agus cabhrú le téarnamh eacnamaíoch.

Tabharfar an Treoir atá beartaithe maidir le comhrac i gcoinne na calaoise chuig leasanna airgeadais an Aontais trí dhlí coiriúil chun cinn agus é mar aidhm acu Cur Chuige Ginearálta a chomhaontú.

Bunófar Clár um Cheartas a oibreoidh chun feidhmiú éifeachtach, cuimsitheach agus comhsheasmhach reachtaíochta AE a chur chun cinn sna réimsí comhoibrithe breithiúnacha i gcúrsaí sibhialta agus coiriúla. Tacóidh an togra chomh maith le tomhaltóirí, gnó agus forbairt an Mhargaidh Aonair trí rochtain níos mó ar cheartas do shaoránaigh agus gnóthaí a éascú i gcásanna dlí trasteorann. Leanfaidh Éire le hidirbheartaíocht a dhéanamh maidir leis an Rialachán a bheidh mar bhunús don Chlár.

Ag tarraingt as a taithí féin ag leibhéal náisiúnta, tá Éire ag tabhairt tús áite don Treoir maidir le reo agus coigistiú fáltas ó choireacht san AE. Tá an togra ceaptha chun é a dhéanamh níos éasca d'údaráis brabúis a choigistiú agus a théarnamh ó choireacht eagraithe trasteorann. Tá súil ag Éire dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le hidirbheartaíocht le Parlaimint na hEorpa le linn a hUachtaránachta d'fhonn glacadh leis an Treoir.

Coireacht: comhoibriú agus tacaíocht maidir le forfheidhmiú dlí níos láidre

Díreoidh an Uachtaránacht chomh maith ar thograí arna gceapadh chun dul i ngleic le sceimhlitheoireacht agus coireacht eagraithe a chuirfidh le cosaint na hEorpa ó thaobh saoirse, slándála agus ceartais do gach saoránach. Beidh úsáid sonraí ó Thaifid Ainmneacha Paisinéirí chun cosc a chur ar sceimhleoireacht agus coireacht thromchúiseach ina thogra lárnach sa réimse seo. Is é an aidhm atá ann ceangal ar aeriompróirí na sonraí sin a sholáthar do na húdaráis náisiúnta ábhartha d'fhonn sceimhleoireacht agus coireacht eagraithe a chosc agus a chomhrac. Oibreoidh an Uachtaránacht go dlúth leis an bParlaimint chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo chomhaontú ar an togra.

Mhol Clár Stóicólm go gcruthófaí ciste chun tacú le feidhmiú na Straitéise Slándála Inmheánaí agus cur chuige níos comhtháite agus níos cuimsithí maidir le comhoibriú forfheidhmithe dlí, lena n-áirítear bainistíocht teorainneacha seachtracha an Aontais. Tá sé mar aidhm ag an togra maidir le hionstraim do Thacaíocht Airgeadais do Chomhoibriú Póilíneachta tacaíocht airgeadais níos fearr a sholáthar do chomhar póilíneachta chun coireacht a chosc agus a chomhrac agus chun bainistíocht géarchéime a neartú. Tá sé mar aidhm pléiti le Parlaimint maidir leis an gciste le linn na hUachtaránachta a thabhairt chun críche.

Tearmann agus Imirce

Tá sé ar intinn ag Uachtaránacht na hÉireann comhaontú le Parlaimint na hEorpa maidir le gnéithe Chomhchóras Tearmainn na hEorpa gan réiteach a thabhairt chun críche. Maidir le himirce dhleathach, oibreoidh an Uachtaránacht go dlúth leis an bParlaimint chun comhaontú a dhaingniú ar an Treoir um Oibríthe Séasúracha agus ar an Treoir um Aistriú Idir-Chorpráideach. Cuirfidh sí tús freisin leis an Treoir um Mhic Léinn agus Taighdeoirí atá le foilsiú sa chéad ráithe de 2013. I gcomhréir leis an gcleachtas faoi Uachtaránachtaí le déanaí cinnteoidh Éire go ndéanfar an cás i ndáil le himirce neamhdhleathach san Eoraip a phlé go hiomlán laistigh den Chomhairle.

Cuirfear bunú Rialachán Ciste Tearmainn agus Imirce le bainistiú éifeachtach sreafa imirce san AE i gcomhréir leis na combheartais maidir le hinimirce agus tearmann. Tá sé mar aidhm ag Éire pléiti maidir leis an togra a thabhairt chun críche le linn na hUachtaránachta.

Tabharfaidh bunú an Uachtaránacht tús áite don Rialachán lena mbunaítear an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do theorainneacha seachtracha agus víosa le linn na hUachtaránachta. Tá sé seo mar chuid de chreat foriomlán maidir le tacaíocht airgeadais AE i réimse na slándála inmheánaí a bhfuil bainistiú na dteorainneacha seachtracha ar cheann dá phríomhthacaíochtaí. Tá sé mar aidhm aige cur leis na costais oibriúcháin ag leibhéal náisiúnta agus AE de rialú teorann agus sa chóras víosa. Tá sé mar aidhm ag an Uachtaránacht idirbheartaíocht maidir leis an Rialachán seo a thabhairt chun críche.

Coinbhinsiún Schengen

Beidh sé mar aidhm ag an Uachtaránacht aon obair atá fós le déanamh ar an bpacáiste reachtaíochta maidir le hathchóirí Córais Rialachais Schengan a thabhairt chun críche. Leanfaidh sí freisin le hidirbheartaíochtaí chun comhaontú ar aontachas na Bulgáire agus na Rómáine a thabhairt chun cinn.

Cearta na saoránach a threisiú

Bunaíodh an AE ar urraim a thabhairt do riall an dlí, cearta an duine aonair agus ról na saoránach i bpróisis dhaonlathacha. I gcomhthráth le forbairt an Mhargaidh Aonair agus Schengen, tá sé de cheart ag saoránaigh ar fud an AE cónaí, oibriú, taisteal agus staidéar a dhéanamh i mBallstáit eile. Ach tá go leor constaicí sa mbealach ar shaoránaigh agus iad ag iarraidh an leas is fearr a bhaint as a gcearta nuair a fhágann siad a dtír féin agus nuair a théann siad chuig Ballstáit eile. Chuige sin, oibreoidh an Uachtaránacht go dian le linn Bhliain Eorpach na Saoránach, chun an Clár Cearta agus Saoránachta a chur ar aghaidh. Tá eilimintí clár sa togra leathan seo a bhfuil sé mar aidhm acu chun foréigean in aghaidh ban agus leanaí a chomhrac agus chun cearta saoránachta, cearta an linbh, neamh-idirdhealú, comhionannas inscne, cosaint sonraí agus cosaint tomhaltóirí sa mhargadh aonair a chur chun cinn. Oibreoidh an Uachtaránacht lena chinntiú go nglacfar leis an gClár.

Talmhaíocht agus lascach

Tá tábhacht ag baint le earnáil talmhaíochta agus iascaigh nua-aimseartha agus iomaíoch níl amháin do phoist agus d'fhás, ach do shábháilteacht an tsoláthair domhanda bia inbhuanaithe agus fadthearmaigh. Déileálann an Chomhairle um Thalmhaíocht agus um lascach le beartais an Aontais Eorpaigh maidir le saincheisteanna talmhaíochta, lena n-áirítear an Comhbheartas Talmhaíochta (CAP), sábháilteacht bia, agus comhchuíbhíú rialacha a bhaineann le saincheisteanna mar cúrsaí tréidliachta, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí. Déanann an Chomhairle bainistíocht ar an gComhbheartas lascaigh (CFP) agus ar chúrsaí muirí chomh maith.

Laistigh de chumraíocht Talmhaíochta agus lascaigh, d'aithin Uachtaránacht na hÉireann trí réimse tosaíochta – (1) Athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta, (2) an pacáiste reachtaíochta cúig-chuid a dhéanann athbhreithniú ar bheartais um Shláinte Ainmhithe agus Plandaí, Margaíocht agus Táirgeadh Síolta agus Ábhair Shíolraithe Plandaí, Rialuithe Oifigiúla sna hEarnálacha Bia agus Beathaithe agus Creat Airgeadais agus (3) athchóiriú an Chomhbheartais lascaigh.

Talmhaíocht

Todhchaí inbhuanaithe d'earnáil talmhaíochta na Eorpa

Tá an earnáil talmhaíochta agus bia ina chuid ríthábhachtach de gheilleagar na hEorpa, agus b'ionann barrachas trádála talmhaíochta an AE agus €7 billiún in 2011. Ní mór don Eoraip leanúint de bheith ag cinntiú go bhfuil an bia a tháirgeann sí sábháilte agus go bhfuil na modhanna talmhaíochta a mbaintear úsáid astu inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ach ní mór a chinntiú chomh maith go bhfuil earnáil talmhaíochta an Aontais iomaíoch go háirithe i bhfianaise na tábhachta a bhaineann leis an earnáil mar onnmhaireoir mór agus na naisc láidre idir an earnáil agus forbairt tuaithe san Eoraip.

Soláthraíonn an Comhbheartas Talmhaíochta an creat ar laistigh de a dhéantar forbairt inbhuanaithe ar earnáil talmhaíochta iomaíoch agus éifeachtach a shaothrú, chomh maith leis na hacmhainní chun cabhrú le sin a bhaint amach. Agus an creat seo á sholáthar aige tá an Comhbheartas Talmhaíochta ag tacú le nuachóiriú na hearnála talmhaíochta Eorpaí, a chuidíonn go mór níl amháin le fás eacnamaíoch san AE, ach le sábháilteacht an tsoláthair domhanda bia fadthearmaigh, inbhuanaithe. Díríonn an Comhbheartas Talmhaíochta chomh maith ar úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus tacú le forbairt shocheacnamaíoch na gceantar tuaithe.

Beidh an athchóiriú molta den Chomhbheartas Talmhaíochta, a leagfaidh síos creat beartais don tréimhse suas go dtí 2020, ina chuid fóir-thábhachtach maidir le forbairt na hearnála a mhúnlú sa todhchaí. Cuirfidh athchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta go mór le próiseas na hEorpa 2020 a bhfuil sé mar aidhm aige fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a sheachadadh don Eoraip.

Tá an pacáiste athchóirithe comhdhéanta de cheithre phríomhthogra reachtaíochta a chlúdaíonn gach gné den Chomhbheartas Talmhaíochta reatha lena n-áirítear íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí, tacaíochtaí margaidh, beart forbartha tuaithe agus rialacha nua maidir le maoiniú agus rialuithe.

Is cuid ríthábhachtach don AE í an earnáil talmhaíochta agus leagfaidh an Uachtaránacht béim láidir ar chomhaontú ar athchóiriú CAP a dhaingniú le linn a téarma in oifig.

Bearta fítea-sláintíochta, tréidliachta agus sábháilteachta bia

Tá an Coimisiún ar tí pacáiste a bhfuil cúig thogra ann a bhaineann le bearta fítea-sláintíochta, tréidliachta agus sábháilteachta bia a fhoilsiú; cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann tús le pléití orthu sin láithreach d'fhonn an dul chun cinn is mó agus is féidir a dhéanamh.

Áireofar na tograí seo a leanas sa phacáiste:

- » Dlí um Shláinte Ainmhithe
- » Dlí um Shláinte Plandaí
- » Rialuithe Oifigiúla sa Bhiashlabhra agus sa Slabhra Beathaithe
- » Margaíocht agus Táirge Síolta agus Ábhair Shíolraithe
- » Creat Airgeadais

Tabharfaidh an Dlí nua um Shláinte Ainmhithe éifeacht d'fhorálacha na Straitéise um Shláinte Ainmhithe (2007-2013) d'fhonn leibhéal ard cosanta sna hearnálacha sláinte phoiblí agus sláinte ainmhithe a chinntiú. Leagfaidh sé béim níos mó ar bhearta coisctheacha, faireachais ghalar, rialuithe agus taighde d'fhonn minicíocht galair in ainmhithe a laghdú agus tionchar na ráigeanna sin a ísliú nuair a tharlaíonn siad.

Déanfaidh an Pacáiste maidir le Sláinte Plandaí an reachtaíocht Sláinte Plandaí atá ann cheana a aisghairm, agus tiocfaidh Rialachán níos simplí ina áit a thabharfaidh aghaidh ar réimsí mar rioscaí méadaithe san earnáil áireofar bearta a bhaineann le plandaí a bhogadh. Ceann de na haidhmeanna is mó is ea córais a neartú chun tabhairt isteach lotnaidí agus galar díobhálacha san AE a sheachaint.

Tá sé mar aidhm ag an togra um Rialuithe Oifigiúla sa Bhiashlabhra agus sa Slabhra Beathaithe rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit ag gach céim de tháirgeadh bia de thionscnamh ainmhí agus plandaí agus beathaithe agus i ngach earnáil a shimplíú agus a chomhchuíbhiú, rud a chinntíonn go mbeidh muinín iomlán sa chóras bia ó fheirm go dtí an forc.

Is é aidhm an togra Margaíochta agus Táirgthe Síolta agus Ábhar Síolraithe 12 ionstraim reachtúil a nuashonrú agus a chomhdhlúthú isteach in Acht amháin agus forbairtí teicniúla le déanaí a thabhairt san áireamh.

Forálann an cúigiú gné den phacáiste Creat Airgeadais aonair a chur i bhfeidhm a dhéanfaidh na bearta atá ann cheana maidir le sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus earnálacha rialuithe oifigiúla a athstruchtúrú agus a shoiléiriú. Tá an Uachtaránacht tiomanta tús áite a thabhairt do phléití ar an sainchomhad sin.

Iascach

Dar le hÉire go bhfuil tábhacht an-mhór ag baint le beartas iascaigh inbhuanaithe don Eoraip. Féadfaidh Comhbheartas Iascaigh athchóirithe cur go mór le hinbhuanaitheacht trí bhainistíocht níos fearr ar stoic éisc, rud a chinntíonn go mbeidh uiscí an AE cosanta do ghlúine na todhchaí. Cinnteoidh an t-athchóiriú próisis cinnteoireachta níos éifeachtaí, comhtháthú iascach níos fearr isteach i mbeartas muirí níos leithne agus comhlíonadh níos fearr chun ró-iascaireacht a sheachaint.

D'fhéadfadh deiseanna iascaireachta níos mó agus cruthú post san earnáil a bheidh mar thoradh ar chomhaontú maidir leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EMFF), a dhéanann maoirseacht ar an maoiniú leanúnach d'athstruchtúrú agus nuachóiriú chabhlaigh iascaireachta an AE. Beidh saincheist athchóirithe an Chomhbheartais Iascaigh mar chuid de chuspóir na hUachtaránacha maidir leis an mBeartas Muirí Lánpháirtithe agus Straitéis an Atlantaigh. Oibreoidh an Uachtaránacht chun comhaontú a bhaint amach le Parlaimint na hEorpa maidir leis an bpacáiste athchóirithe.

Foraoiseacht

Coillearnacha agus foraoisí na hEorpa a chaomhnú do ghlúine na todhchaí

Tá ról tábhachtach ag earnáil foraoiseachta na hEorpa in earnálacha gheilleagair an AE agus cuireann sí le poist agus fás a chur chun cinn i gceantair tuaithe (m.sh. soláthar ábhar, déantúsaíocht agus turasóireacht). Is cuid thábhachtach de éiceachóras na hEorpa iad foraoisí agus coillearnacha chomh maith agus tá ról tábhachtach acu maidir le éifeachtaí an athraithe aeráide a throid.

Beidh fócas na hUachtaránachta sa réimse beartais foraoiseachta dírithe ar Fhóram Foraoiseachta na NA, ar an gComhaontú molta atá ceangailteach de réir an dlí ar Fhoroisí san Eoraip agus ar Straitéis Foraoiseachta an AE. Ullmhóidh an Uachtaránacht ráiteas an AE ag an bhFóram Foraoiseachta a bheidh ar siúl in Iostanbúl in 2013. Táthar ag súil go bhfoilseoidh an Coimisiún Straitéis Foraoiseachta sa chéad ráithe de 2013 agus oibreoidh an Uachtaránacht chun comhaontú a dhaingniú le Ballstáit maidir leis an Straitéis.

Iomaíochas

Is cuid lárnach de phróiseas an Seimeastair Eorpaigh é iomaíochas a fheabhsú. Tá obair na Comhairle Iomaíochais ag croílár chruthú Margaidh Aonair don todhchaí. Díreoidh Uachtaránacht na hÉireann ar bhearta an Achta um an Margadh Aonair, cur chun cinn an Mhargaidh Aonair Dhigitigh agus cumais na hEorpa i réimse an taighde agus na Nuála a neartú.

Is cuid lárnach d'Uachtaránacht na hÉireann ina iomláine é ceadú do SMEanna a gcumas a bhaint amach, go háirithe mar gheall ar a gcumas ó thaobh poist a chruthú. Oibreoidh airí iomaíochais ar rochtain níos fearr ar dheiseanna maoinithe soláthair agus taighde a fheabhsú, chomh maith le tacaíochtaí eile, rialáil níos cliste agus dlí réadmhaoine intleachtúil feabhsaithe.

Margadh Aonair don todhchaí

Tá an Margadh Aonair ar cheann de na scéalta ratha is mó san AE agus tá buntáistí ollmhóra ginte aige do thomhaltóirí agus gnó na hEorpa le fiche bliain anuas. Ach ní mór dó freisin freagairt do mhargadh atá ag athrú agus tacú leis, agus go háirithe, freagairt d'fhás tráchtála ar líne agus tacú leis.

Mar Uachtaránacht, oibreoidh Éire chun na sainchomhaid atá fós ar oscailt faoi Ghníomh I um an Margadh Aonair a thabhairt chun críche agus déanfaidh sí dul chun cinn ar ghníomhaíochtaí tosaíochta i nGníomh II um an Margadh Aonair. Tá an Uachtaránacht ag breathnú chun cinn chuig foilsíú ag an gCoimisiún de thograí reachtaíochta mionsonraithe maidir leis na gníomhaíochtaí sin le linn 2013 a leagfaidh béim láidir ar iompar, ar fhuinneamh agus ar líonraí teileachumarsáide agus ar an margadh aonair digiteach, lena n-áirítear fócaíochtaí agus sonrascú leictreonach, agus ar thograí a bhfuil sé mar aidhm acu fiontraíocht shóisialta, comhtháthú agus muinín tomhaltóirí a neartú.

Margadh Aonair Digiteach

Éascaíonn an Margadh Aonair Digiteach saorshreabhadh seirbhísí agus siamsaíocht ar líne thar theorainneacha náisiúnta. Ní mór dúinn coinneáil suas le treochothaí margaidh nua a mbíonn tionchar níos mó acu ar an tslí ina mairimid ár saol sa lá atá inniu ann. Tá impleachtaí leathana ann do shaoránaigh agus do ghnóthaí: an gnó íoslódála ceoil, tomhaltóirí an AE a chosaint sa chibearspás, limistéar amháin a bhunú le haghaidh fócaíochtaí ar líne go dtí r-shonrascú. Tá buntáistí ollmhóra ag baint le dul chun cinn a dhéanamh lena n-áirítear laghdú costais agus iomaíochas agus fás méadaithe.

Sin é an fáth go mbeidh Uachtaránacht na hÉireann ag tabhairt tús áite do bhearta a bhfuil sé mar aidhm aici cumas iomlán an Mhargaidh Aonair Dhigitigh san Eoraip a fhíorú. Le linn a hUachtaránachta, oibreoidh Éire ar fud foirmeacha na Comhairle chun dul chun cinn a dhéanamh ar na saincheisteanna seo a leanas:

- » cibearshlándáil
- » r-shíniú/r-aitheantas
- » cosaint Sonraí
- » leathadh amach leathanbhanda ardluais
- » inrochtaineacht gréasáin

Rialachas an Mhargaidh Aonair

Tá an Uachtaránacht ag súil le bheith ag obair leis an gCoimisiún agus le Parlaimint na hEorpa chun feabhsuithe i dtrasuíomh agus feidhmiú reachtaíochta an Mhargaidh Aonair agus rialachas an Mhargaidh Aonair a thabhairt i gcrích, mar a bhí iarrtha sa Teachtaireacht ón gCoimisiún ó mhí an Mheithimh 2012.

Cabhróidh cuimsiú faireacháin feabhsaithe an Mhargaidh Aonair i bpróiseas an Seimeastair Eorpaigh maidir le móiminteam a mhéadú chun tograí reachtaíochta an Mhargaidh Aonair a thabhairt chun críche. Beidh an cur chuige seo ina chuid de stocáireamh rialta dul chun cinn maidir le gealltanais a tugadh i gcomhthéacs an Chomhshocráithe le haghaidh Fáis agus Post, agus feabhsóidh sé ról na Comhairle Iomaíochais chun treoir pholaitiúil maidir le bearta a chuireann le fás a sholáthar agus chun monatóireacht a dhéanamh ar na bearta sin.

Aitheantas Cáilíochtaí Gairmiúla

Tá sé mar aidhm ag an Togra maidir le hAitheantas Cáilíochtaí Gairmiúla córas aitheanta cáilíochtaí a fheabhsú chun soghluaisteacht saothair níos mó d'oibríthe oilte a éascú. Bhí sé ar cheann de na dá cheann déag de thosaíochtaí a bhí ann chun an fás a leagadh amach i nGníomh I um an Margadh Aonair a threisiú. Oibreoidh an Uachtaránacht le Parlaimint na hEorpa chun comhtháthú luath maidir leis an togra a bhaint amach. Oibreoidh an Uachtaránacht le Parlaimint na hEorpa, leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit chun comhaontú ar an togra a bhaint amach i rith Uachtaránacht na hÉireann (D/ES).

Athchóiriú ar Sholáthar Poiblí

Caitheann údarais phoiblí ar fud an Aontais Eorpaigh thart ar €2 trilliún in aghaidh na bliana ar sholáthar earraí, seirbhísí agus oibreacha. Is gné thábhachtach iad tograí leasaithe ar sholáthar poiblí den straitéis Eoraip 2020 agus tá siad ar cheann den dhá phríomhghníomhaíocht déag atá leagtha amach sa Gníomh um an Margadh Aonair 1. Mar chuid de sin tá trí bheart atá mar aidhm leo éifeachtúlacht chaiteachais poiblí a ardú chun na torthaí soláthair is fearr a chinntiú ó thaobh luach ar airgead, trí na rialacha atá ann cheana féin a dhéanamh níos simplí, níos solúbtha agus a dhéanamh níos éasca le húsáid.

Beidh tairbhe ar leith ag baint leis na hathchóirithe molta seo do na SMEnna agus spreagfaidh an úsáid níos mó atáthar ag baint as ríomh-soláthair níos mó iomaíochais trasteorann. Oibreoidh an Uachtaránacht, thar ceann na Comhairle, i dtreo comhaontú a bhaint amach le Parlaimint na hEorpa maidir leis na trí thogra.

Maoin Intleachtúil

Tá maoin intleachtúil mar bhunchloch d'aon gheilleagar nua-aimseartha iomaíoch, go háirithe i margadh domhanda an lá atá inniu ann. Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag lorg dul chun cinn uasta maidir le cóipcheart, trádmharcanna agus paitinní.

Cóipcheart

Gníomhóidh an Uachtaránacht ar ghlaon na Comhairle na hEorpa ar nuachóiriú de réimeas cóipchirt an AE chun rochtain ar ábhar a éascú agus ag seasamh le cearta maoin intleachtúla agus ag spreagadh cruthaitheachta agus éagsúlachta chultúrtha ag an am céanna. Lorgóidh an Uachtaránacht dul chun cinn maith ar an Treoir um Bhainistiú ar Chearta Daonna a chlúdaíonn an tsaincheist maidir le ceadúnú il-chríoch cearta do leithdháileadh oibreacha ceoil ar líne. Feictear go bhfuil réimis bhainistíochta chomhchoiteann atá follasach, cuntasach agus láidir mar chuid rí-thábhachtach don Margadh Aonair Digiteach, áit a d'fhéadfadh go leor saincheisteanna cóipchirt a bheith dírithe ar cheadúnú.

Ag an am céanna leis an obair reachtaíochta, i mí na Bealtaine 2013 beidh díospóireacht ghrinn ag Airí maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún ar Cheadúnú san Eoraip atá beartaithe, agus leis na deiseanna agus dúshlán a bheidh ann má bhogtar i dtreo margadh aonair digiteach.

Trádmharcanna

Tabharfaidh an Uachtaránacht obair chun cinn ag leibhéal teicniúil maidir leis le tograí beartaithe an Choimisiúin chun Rialachán Trádmharcanna an Chomhphobail agus an Treoir um Thrádmharcanna araon a athbheithniú. Tá sé mar aidhm ag na tograí athbheithnithe an Córas Trádmharcanna a nuashonrú ag leibhéal AE agus náisiúnta araon.

Paitinní

Ciallaíonn cruthú Paitinne Aonadaí agus Cúirte Aontaithe Paitinne nach mbeidh sé chomh costasach ar nuálaithe a aireagán a chosaint agus paitinní a fhorhnuiniú ar fud na hEorpa. Bainfidh SMEanna, go háirithe, leas as na costais laghdaithe agus ó chumhdach agus cosaint phaitinne feabhsaithe i bhformhór margaí an Bhallstáit. Áirítear ar athchóiriú an phacáiste paitinne dhá Rialachán a dhéanann soláthar do chóras Paitinne Aonadach (agus comhaontú aistriúcháin comhaontaithe) faoi dhlí AE agus an Chúirt Paitinne Aontaithe, comhaontú idirnáisiúnta idir Ballstáit, ag déanamh soláthar don sásra formhuinthe. Ghlac an Chomhairle go foirmiúil leis na Rialacháin Paitinne Aonadaí faoi Uachtaránacht na Cipire. Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann na hullmhúcháin chuí a cheadóidh do na Ballstáit rannpháirteacha an comhaontú maidir leis an gCúirt Aontaithe Phaitinne a shíniú go foirmiúil sa chéad leath de 2013. Déanfaidh an Uachtaránacht ullmhúcháin chun cinn chomh maith chun an pacáiste paitinne a chur i bhfeidhm go hiomlán.

Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SMEanna)

Tá SMEanna ag croílár 98% de ghníomhaíocht gnó an AE. De réir mar a bhogaimid chuig an gcéad chéim eile téarnaimh, beidh siad mar ghné thábhachtach i bhfás agus i bpoist athnuaithe. Tionólfaidh an Uachtaránacht cruinniú neamhfhoirmiúil d'Airí Iomaíochais i mBealtaine bunaithe ar an téama "SMEanna ag cur borrrtha le Fás na hEorpa". Díreoidh clár oibre an chruinnithe neamhfhoirmiúil ar théamaí ar nós rochtain ar airgeadas do SMEanna, ag cur fiontraíocht chun cinn san Eoraip, go háirithe fiontraíocht réigiúnach agus SMEanna ag scaipeadh ar fud an domhain.

Togra maidir le hlomaíochas na bhFiontar agus SMEanna (COSME)

Tá sé mar aidhm ag an gClár um Iomaíochas na bhFiontar agus SMEanna (COSME) SMEanna níos dinimiciúla agus níos iomaíche go hidirnáisiúnta a chur chun cinn trí thacaíocht spriocdhírthe a sholáthar don earnáil. Leagfaidh an Coimisiún béim láidir ar rochtain ar thacaíochtaí a éascú do SMEanna chun a gcumas taighde agus Nuála a threisiú, rud a dhéanfaidh iomaíochas an AE a neartú. (Beartaíonn an clár Deiseanna Nua 2020 méadú i rochtain SMEanna ar mhaoiniú taighde an AE). Beidh sé mar aidhm ag an Uachtaránacht comhaontú maidir le togra COSME a dhaingniú mar thosaíocht.

Rialachán Cliste

Cuirfidh an Uachtaránacht an clár oibre Rialacháin Chliste chun cinn, go háirithe do SMEanna agus micrea-fhiontair san AE. Ghlac an Coimisiún le Teachtaireacht i mí na Nollag 2012 mar bheart leantach ar a Theachtairacht Rialacháin Chliste 2010. Táthar ag súil leis an dara Teachtaireacht/Tuarascáil roimh Chomhairle Eorpach an Earraigh in 2013.

Tabharfaidh sé sin aghaidh ar an dul chun cinn ar Rialachán níos fearr do mhicrea-fhiontair agus SMEanna, lena n-áirítear an Scórchlár Bliantúil de ghníomhaíochtaí SMEanna. Táthar ag súil chomh maith go gcuirfidh an Coimisiún torthaí a chomhchomhairle i láthair maidir le na deich ngníomh reachtaíochta is mó a bhfuil anró ag baint leo do SMEanna. Daingneoidh Uachtaránacht na hÉireann gníomhaíochtaí leantacha comhaontaithe trí Chonclúidí na Comhairle ag an gComhairle Iomaíochais i mí na Bealtaine 2013.

Dlí tomhaltóirí

I gcomhthéacs an chomhaontaithe foriomlán ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil

(MFF), tá sé mar aidhm ag an Uachtaránacht comhaontú a bhaint amach ar Chlár na dTomhaltóirí a chuirfidh bunús ar fáil chun cosaint tomhaltóirí agus bearta formhuinthe a mhaoiniú sa tréimhse 2014-2020. Sa bhreis ar sin, sa réimse cosanta tomhaltóirí agus sa Mhargadh Aonair, tabharfaidh an Coimisiún pacáiste bearta chun cinn i lár mhí Feabhra 2013 ina mbeidh gnéithe reachtaíochta agus neamhreachtaíochta. Ar na gnéithe reachtaíochta beidh beart chun sábháilteacht na dtáirgí atáthar ag scaipeadh ar fud an AE trí Threoir Ghinearálta Sábháilteachta Táirgí leasaithe mar aon le Rialachán nua ar Fhaireachán Margaidh (atá dírithe ar fhorálacha faireacháin margaidh a láidriú maidir le táirgí a bhíonn ag teacht isteach san AE) a fheabhsú agus ag an am céanna beidh beart ar Phlean Gnímh Faireacháin Mhargaidh Ilbhliantúil mar chuid den Rialachán freisin. Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann béim ar an tábhacht a bhaineann leis an dá thogra nua seo maidir le sábháilteacht táirgí agus faireacháin margaidh a chur chun cinn chun comhaontú a éascú roimh Earrach 2014.

Nuachóiriú ar Chúnamh Stáit

Is é aidhm an tionscnaimh Nuachóirithe Cúnaimh Stáit (SAM) a chinntiú go gcuireann beartas Cúnaimh Stáit le straitéis 2020 na hEorpa chomh maith le comhdhlúthú a bhuiséadadh trí úsáid níos éifeachtaí agus níos spriocdhírthe a bhaint as airgead cáiníocóirí le haghaidh post agus fáis. Ní mór do rialú cúnaimh stáit díriú ar bhealach níos éifeachtaí ar bheartais inbhuanaithe chun fás a fheabhsú chomh maith le comhdhlúthú buiséadach a spreagadh.

Beidh sé ina chuspóir ag an Uachtaránacht comhaontú a lorg maidir leis na Rialacháin nós imeachta agus cumasúcháin a rialaíonn Rialuithe Cúnaimh Stáit.

Custam

Cód Custaim an Aontais (UCC)

Tá Cód Custaim an Aontais (UCC) deartha chun nósanna imeachta custaim a shimpliú agus a nuachóiriú mar thacaíocht ar an gclár oibre i gcomhair post agus fáis. A luaithe a aontófar iad, éascóidh nuachóiriú nósanna imeachta custaim agus úsáid mhéadaithe córas TF gnó agus cinnteofar trádáil shábháilte agus slán earraí san AE. Cinnteoidh an UCC modhnaithe go mbeidh sé níos éasca ag onnmhaireoirí trádáil agus infheistíocht idirnáisiúnta a dhéanamh agus cabhróidh sé leis an AE a neartú mar gheilleagar domhanda iomaíoch. Tá sé mar aidhm ag an Uachtaránacht teacht ar chomhaontú maidir leis an gCód le Parlaimint na hEorpa agus a chinntiú go nglacfar leis an togra (Ioncam).

Dlí na gcuideachtaí

Tá na rialacha a bhaineann le dlí na gcuideachta agus dea-rialachas corparáideach, mar aon le comhchuibhiú cuntasaíochta agus iniúchóireachta, riachtanach chun bainistíocht mhargaidh aonair a chruthú do sheirbhísí agus táirgí airgeadais agus d'fheidhmiú éifeachtach na ngeilleagar dinimiciúil.

Tá sé mar aidhm ag na Treoracha (Cuntasaíochta) maidir le Dlí na gCuideachtaí an ualach trom riaracháin do SMEanna a laghdú agus sraith simplithe rialacha cuntasaíochta a thabhairt isteach, mar aon le soiléireacht agus inchorparáideacht na ráiteas airgeadais a mhéadú agus follasacht na n-íocaíochtaí tír de réir tíre a fheabhsú. Tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht comhaontú a thabhairt chun críche.

Tá príomhfhócas an dréachtrialacháin agus dréacht-threoir Iniúchóireachta dírithe ar chaighdeán an iniúchta agus neamhspleáchas an iniúcháir. Tá suntas ar leith ag baint leis an dréachtrialachán a thugann aghaidh ar an iniúchadh ar "Aonáin Leasa an Phobail" agus áiríonn sé cuideachtaí agus gnóthais atá tábhachtach go córasach. Tá sé ar intinn ag an Uachtaránacht Cur Chuige Ginearálta maidir leis an sainchomhad sin a bhaint amach i gComhairle Iomaíochais mhí na Bealtaine.

Taighde agus Nuálaíocht

Deiseanna Nua 2020

I gcomhthéacs comhaontú iomlán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (MFF), tá sé mar aidhm ag an Uachtaránacht teacht ar chomhaontú maidir le Deiseanna Nua 2020, clár an AE do thaighde agus nuálaíocht. Beidh ról cinntitheach ag Deiseanna Nua 2020 maidir le poist agus fás agus cabhróidh sé le geilleagar na hEorpa a chruthú don todhchaí. Tacaíonn an clár chomh maith leis an Aontas Nuála ar tionscnamh suaitheanta 2020 na hEorpa é a bhfuil sé mar aidhm aige iomaíochas domhanda na hEorpa a threisiú.

Ceann de phríomhchuspóirí Deiseanna Nua 2020 is ea maoiniú taighde agus Nuála a sholáthraíonn an AE i láthair na huaire a shimpliú trí shraith amháin rialacha. Ciallaíonn sé sin go mbeidh sé níos éasca ag iarrthóirí maoiniú a lorg, ach cinnteoidh an cur chuige chomh maith go mbainfear úsáid níos éifeachtaí as na cistí a infheistítear sa chlár. Féachann Deiseanna Nua 2020 chomh maith le infheistíocht ollmhór a dhaingniú i bpríomhtheicneolaíochtaí, ag líonadh an bhearna idir taighde agus an margadh agus ag cur comhpháirtíochtaí réadacha tráchtála chun cinn idir na Ballstáit agus an earnáil príobháideach. Ag nascadh le cláir eile an AE, tá sé mar aidhm ag Deiseanna Nua 2020 rannpháirtíocht SMEanna a mhéadú ó 15% go dtí 20%.

Institiúid Nuála agus Teicneolaíochta na hEorpa (EIT)

Tá togra EIT mar chuid de phróiseas Deiseanna Nua 2020. Oibríonn EIT chun fás agus iomaíochas inbhuanaithe an AE a chur chun cinn trí a chumas Nuála a neartú. Trí na hearnálacha ardoideachais, taighde agus tráchtála a nascadh, leanfaidh glúin nua nuálaithe agus fiontraithe de bheith ag obair ar ábhair tosaíochta a bhfuil tionchar mór sochaíoch acu mar athrú aeráide, fuinnimh inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Lorgóidh an Uachtaránacht comhaontú maidir leis an dá sainchomhad a chomhdhéanann an togra EIT seo.

Limistéar Eorpach Taighde (ERA)

Is é aidhm an ERA limistéar taighde aontaithe a chruthú laistigh den mhargadh aonair inar féidir le taighdeoirí, teicneolaíocht agus Nuáil gluaiseacht faoi shaoirse. Tá sé mar aidhm ag na tograí ERA cumas an Aontais a threisiú i limistéir cheannródaíochta mar bhitheolaíocht mhóilíneach, biteicneolaíocht agus

géineolaíocht. Cuirfidh an Uachtaránacht tábhacht láidir ag gabháil leis an tionscnamh seo, agus is é an toradh a bheidh ar sin, má chuirtear i bhfeidhm é, ná go dtiocfaidh feabhas suntasach ar fheidhmíocht agus aschur taighde na hEorpa, agus go seachnófar dúbailt dhiomailteach ghníomhaíochtaí.

Cumas Nuála an Aontais a threisiú

Mar léiriú ar an tosaíocht a chuirtear ag gabháil le cumas Nuála an Aontais a threisiú, tionólfadh an Uachtaránacht roinnt comhdhálacha i mBaile Átha Cliath le linn 2013 a bheidh dírithe ar thacú leis an gcuspóir seo. Áireofar ar an obair sin breithniú a dhéanamh ar Eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin (KETanna), ar féidir lena bhforbairt tionchar as cuimse a bheith aici ar an tslí a mairimid ár saol sna blianta amach romhainn. Féadfaidh dul chun cinn i dteicneolaíocht ghlas agus i réimsí lena n-áirítear biteicneolaíocht cabhrú leis an AE bogadh i dtreo geilleagair eolas-bhunaithe agus níos mó post agus poist chliste a chruthú trí Nuáil na hEorpa a chur le hiliomad gnóthaí agus táirgí. Cinnteoidh an Uachtaránacht go mbeidh Nuáil ar cheann de phríomhábhair na Comhairle Iomaíochais neamhfhoirmiúil.

Spás

Lorgóidh an Uachtaránacht dul chun cinn ar mhaoiniú agus feidhmiú an Chláir Eorpaigh um Fhaireachán na Cruinne - Monatóireachta Domhanda don Chomhshaol agus don tSlándáil (GMES), sa chás ina gcuirfeadh an Coimisiún togra ar aghaidh maidir le maoiniú agus feidhmiú an chláir.

Lorgóidh an Uachtaránacht Cur Chuige Ginearálta ag Comhairle na Bealtaine maidir le cinneadh lena mbunófar clár tacaíochta Eorpach um Fhaireachais agus Rianaithe Spáis.

Tá pleananna ag an Uachtaránacht Conclúidí na Comhairle maidir le Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach ar Bheartas Tionsclaíoch Spáis an AE – “Acmhainneacht le haghaidh fás eacnamaíoch san earnáil spáis a scaoileadh”. Ina theannta sin, tá Conclúidí na Comhairle pleanáilte maidir leis an Teachtaireacht ón gComhairle chun caidreamh cuí a bhunú idir an AE agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa.

Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Gnóthaí Sláinte agus Tomhaltóirí

Clúdaítear raon leathan réimsí beartais atá ríthábhachtach maidir le cobhsaíocht, poist agus fás tríd an gComhairle um Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO). Le hUachtaránacht na hÉireann, tá sé beartaithe comhtháthú a neartú tríd an bhfócas a bheidh ar roinnt buncheisteanna. Agus é sin á dhéanamh, tiocfaidh ár dtosaíochtaí leis an Straitéis 'Eoraip 2020' agus beidh siad mar chuid thábhachtach de phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh.

Buncheist d'Uachtaránacht na hÉireann is ea dífhostaíocht i measc an óige, dul i ngleic le cad is cúis leis agus oideachas (D/ES), oiliúint agus uas-sciliú a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, le linn Bhliain Eorpach na Saoránach, oibreoidh an Uachtaránacht chun cearta oibrithe a chosaint agus fáil réidh le bacainní a chuireann bac ar shaoránaigh nó a dhéanann iad a dhíspreagadh ó chónaí agus obair a dhéanamh cibé áit is mian leo.

I réimse an bheartais sláinte, cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann tograí reachtacha chun cinn chun sláinte poiblí a fheabhsú. Tacóidh sí le Nuáil agus le taighde ar mhaithe leis na hearnálacha sláinte agus tionscail agus ar mhaith le leasanna beartais sláinte do shaoránaigh an AE a chur chun cinn.

Ar mhaithe le poist

Tá poist ag croílár tosaíochtaí Uachtaránacht na hÉireann. Déanfaidh an Chomhairle EPSCO iarracht feidhm iomlán a bhaint as ionstraimí an Aontais chun fostaíocht agus comhtháthú sóisialta a spreagadh agus an Eoraip ag dul i dtreo na chéad chéime eile de théarnamh. Mar chuid de sin, déanfaidh an Uachtaránacht idirbheartaíocht a bhrú i ndáil le reachtaíocht a bhaineann le fostaíocht a thagann faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (MFF), lena n-áirítear Ciste Sóisialta na hEorpa (ESF), an Clár um Athrú Sóisialta agus Nuáil (PCSI) agus an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú.

Is é Ciste Sóisialta na hEorpa (ESF) príomh-ionstraim an AE chun deiseanna fostaíochta a fheabhsú feadh an Aontais. Leis an gciste, cuirtear tacaíocht spriocdhírthe ar fáil do thionscnaimh oideachais agus oiliúna bunaithe ar na tosaíochtaí a leagtar amach sna Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta arna ndréachtú ag Ballstáit. Is gné thábhachtach é an ESF freisin d'fhorbairt eacnamaíoch réigiúnach agus maoiniú um Chomhtháthú. Oibreoidh an Uachtaránacht le comhaontú a bhaint amach maidir leis an togra.

Is éard is aidhm leis an gClár um Athrú Sóisialta agus Nuáil (PCSI) atá nasctha leis an Straitéis 'Eoraip 2020' tacaíocht airgeadais a chur ar fáil le haghaidh cuspóirí an AE i dtéarmaí (a) leibhéal ard fostaíochta a chur chun cinn, (b) coimirce shóisialach dhóthanach a ráthú, (c) dul i ngleic le heisiamh sóisialta agus bochtaineacht, agus (d) coinníollacha oibre a fheabhsú. Tacaíonn an togra freisin le soghluaisteacht fostaithe trasteorann agus éascaíonn sé cruthú post trí sheirbhísí earcaíochta/socrúcháin a chur ar fáil a rachaidh chun tairbhe cuardaitheoirí poist agus fostóirí. Beidh sé mar aidhm ag an Uachtaránacht glacadh leis an gClár um Athrú Sóisialta agus Rialú Nuála.

Tugtar tábhacht in Éirinn d'acmhainní a dhírú ar fhostaithe a chaill a bpost le déanaí a oiliúint agus scileanna nua a thabhairt dóibh. Is féidir leanúint de sin trí chláir chómhaoinithe AE mar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (EGF) a uasmhéadú go héifeachtúil agus go héifeachtach. Cuimsíonn raon feidhme an EGF gairmchomhairle agus gairmthreoir, cláir oideachais agus oiliúna, agus tacaíochtaí fiontraíochta. I gcomhthéacs an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil, oibreoidh an Uachtaránacht ar chomhaontú a bhaint amach le Parlaimint na hEorpa maidir leis an togra maoinithe sin.

Ag díriú ar dheiseanna d'óige na hEorpa

Tá sé riachtanach le haghaidh todhchaí na hEorpa go dtabharfaí ionchais fhostaíochta dhearfacha do dhaoine óga na hEorpa agus go dtabharfaí na deiseanna is fearr d'Eorpaigh óga ó thaobh staidéir, foghlama agus oiliúna ar mhaithe le sásamh pearsanta agus fostaíocht amach anseo. Tá sé sin rithábachtach freisin lena chinntiú go mbeidh fórsa saothair san AE le bheith mar bhonn taca d'fhilleadh ar théarnamh agus forás eacnamaíoch. Tá tionchair na géarchéime airgeadais le sonrú go háirithe ag Eorpaigh óga agus tá an leibhéal dífhostaíochta i measc daoine óga feadh an AE ró-ard. Caithfimid 'glúin chailte' d'Eorpaigh a sheachaint mar gheall ar na hiarmhairtí diúltacha idir phearsanta agus shóisialta a bheadh i gceist leis sin feadh an Aontais.

Oibreoidh an Uachtaránacht chun na tograí a chasfaidh an taoide ar dhífhostaíocht i measc an óige a bhrú chun cinn. Tá 'Ráthaíocht don Óige' sa Phacáiste Fostaíochta don Óige atá dírithe ar a chinntiú go bhfaighidh daoine óga nach bhfuil ag obair ná i mbun staidéir tairiscint ar fhostaíocht, ar oideachas leantach, ar phrintíseacht nó ar chúrsa oiliúna. Tá sé mar aidhm ag an Uachtaránacht dul chun cinn mór a dhéanamh ar an Ráthaíocht don Óige d'fhonn Moladh Comhairle a ghlacadh ag cruinniú na Comhairle EPSCO i mí Feabhra. Beidh ceist na dífhostaíochta i measc an óige mar phríomh-fhócas ag an gcruinniú Aireachta Neamhhoirmiúil de chuid na nAirí Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialta i mBaile Átha Cliatha i bhFeabhra 2013.

Soghluaisteacht saothair ar mhaithe le poist agus fás

Tá saorghluaisteacht ar cheann de na ceithre sairse ar a bhfuil an Margadh Aonair bunaithe agus is príomhluamhán fáis é. Oibreoidh an Uachtaránacht chun fáil réidh le bacainní ar shoghluaisteacht saoránach.

Mar chuid den obair sa réimse sin, tá tús áite tugtha ag an Uachtaránacht don Treoir nua um Fhorghníomhú chun cur chun feidhme iarbhrí rialacha 1996 maidir le hoibríthe a chur chun poist a fheabhsú. Thabharfaidh sé sin soiléire do sholáthraithe seirbhísí chomh maith le hoibríthe a chuirfí chun poist trasna teorainneacha AE a chosaint. Tá an togra ar cheann den dáréag gníomh tosaíochta sa Ghníomh um an Margadh Aonair atá dírithe ar gheilleagar na hEorpa a threisiú agus poist a chruthú. Agus í ag obair go dlúth le comhpháirtithe, leagfaidh Uachtaránacht na hÉireann ardleibhéal uailmhéine amach don sainchomhad seo, trí oibriú i dtreo Chéadchomhaontú Léitheoireachta maidir leis an togra a bhaint amach.

Tá sé mar aidhm leis an Treoir um Chearta Forlíontacha Pinsin sairse gluaiseachta a chur chun cinn agus soghluaisteacht gairme oibríthe a éascú, trí líon na mbacainní a chruthaítear le rialacha áirithe a bhaineann le scéimeanna pinsin fhorlíontaigh a laghdú. Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann chun Cur Chuige Ginearálta a bhaint amach i ndáil leis an togra sin ag cruinniú na Comhairle EPSCO i Meitheamh.

Oibreoidh an Uachtaránacht freisin chun an togra reachtach atá le tíolacadh ag an gCoimisiún le tacaíochtaí a láidriú agus an chosaint in aghaidh idirdhealú ó thaobh oibríthe soghluaiste a láidriú freisin.

Cearta, sláinte agus sábháilteacht oibrithe

Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann iarracht dul chun cinn a bhaint amach sa Chomhairle EPSCO i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- » togra ón gCoimisiún ina leagtar síos ceanglais sláinte agus sábháilteachta le haghaidh oibrithe i ndáil leis na rioscaí neamhchosanta do ghníomhairí fisiceacha (réimsí leictreamaighnéadacha)
- » tograí a bhfuiltear ag súil leo ón gCoimisiún chun Treoracha maidir le cosaint sláinte agus sábháilteachta san áit oibre a thabhairt cothrom le dáta d'fhostaithe agus d'oibrithe sa AE a mbíonn ceimiceáin ghuaiseacha á n-úsáid acu san áit oibre.
- » tograí a thabharfaidh an Coimisiún ar aghaidh chun an leibhéal céanna nó leibhéal comhionann de chearta fostaíochta a thabhairt do mharaithe is atá ag oibrithe ar tír, agus imthosca ar leith agus timpeallacht eacnamaíoch na hearnála sin á gcur san áireamh.

Pacáiste Infheistíochta Sóisialta

Tá an Uachtaránacht ag súil go mór le togra an Choimisiúin maidir le Pacáiste Infheistíochta Sóisialta, a bhfuiltear ag súil leis go luath in 2013. Meastar go ndéileálfadh an togra sin le buncheisteanna ríthábhachtacha, lena n-áirítear tionchair na géarchéime eacnamaíochta ar shaoránaigh agus ceisteanna, lena n-áirítear folláine leanaí, cuimsiú sóisialta agus coimirce shóisialach. Cinnteoidh Uachtaránacht na hÉireann go ndéanfar an pacáiste a scrúdú go géar d'fhonn Conclúidí Comhairle. In éineacht leis an gCoimisiún Eorpach, reáchtálfadh an Uachtaránacht comhdháil maidir leis an bPacáiste Infheistíochta Sóisialta sa Bhruiséil.

Sa réimse beartas poiblí freisin, cuirfidh an Uachtaránacht obair chun cinn maidir leis an gclár maoinithe beartaithe atá leagtha amach chun tacú le scéimeanna na mBallstát a dhéanann soláthar do bhia agus d'éadaí chuig na saoránaigh is boichte san Eoraip.

Dúshlán mór a tugadh chun suntais i Europe 2020 ná tithíocht maith go leor a sholáthar do gach duine. Aithnítear ann freisin go bhfuil easpa dídine ar cheann de na cineálacha bochtaine agus eisiamh sóisialta is measa. Reáchtálfadh an Uachtaránacht cruinniú le hAírí ar a bhfuil freagracht dul i ngleic le heaspa dídine chun saincheisteanna a bhaineann leo uilig a phlé chomh maith le comhoibriú amach anseo.

Comhionannas

Leanfaidh an Uachtaránacht leis an obair ar an Treoir bheartaithe ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an phrionsabail caitheamh go comhionann le daoine is cuma cén reiligiún nó creideamh atá acu, má tá siad faoi mhíchumas, is cuma cén aois iad ná cad é a ngnéaschlaonadh. Beimid ag déileáil freisin le tionscnamh ón gCoimisiún atá dírithe ar inrochtaineacht earraí agus seirbhísí sa Mhargadh Inmheánach a fheabhsú, agus beidh fócas ar leith ar fhreagairt do riachtanais daoine atá faoi mhíchumas agus daoine scothaosta.

Is bunluach agus croíluch den AE é comhionannas idir mná agus fir, ach tá gné eacnamaíoch láidir i gceist le comhionannas inscne a chur chun cinn.

Reáchtálfadh Éire comhdháil i mBaile Átha Cliath le linn na hUachtaránachta leis an téama 'Rannpháirtíocht Eacnamaíoch Ban agus Clár Oibre Eoraip 2020', a nascfaidh leis an sprioc fostaíochta de 75% do mhná agus fir atá le baint amach i bhformhór na mBallstát.

Tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann obair ar an Treoir bheartaithe chun cinn maidir le cothromaíocht inscne a fheabhsú i measc stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuideachtaí a liostaítear ar stocmhalartánna.

Samhlaítear Conclúidí Comhairle i ndáil le “Mná mar chinnteoirí sna meáin” do chruinniú na Comhairle EPSCO i Meitheamh 2013. Nascfaidh na Conclúidí sin leis an obair leanúnach ag leibhéal an AE maidir le mná i ról chinnteoireachta mar aon le cur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising na NA.

Beartas sláinte

Aithneoidh an Uachtaránacht an tábhacht a bhaineann le beartas sláinte a bheith ann do shaoránaigh an AE agus tabharfaidh sí tosaíocht do thabhairt chun cinn roinnt tograí reachtaíochta tábhachtacha sna réimsí seo a leanas: sláinte poiblí, cógaisíocht agus gairis leighis.

Sláinte Phoiblí: bagairtí sláinte trasteorann

Tá Ballstáit freagrach as a gcórais shláinte féin a fheidhmiú go héifeachtach. Mar sin féin, ní thugann bagairtí sláinte aird ar theorainneacha agus is féidir le comhoibriú idir Ballstáit i roinnt réimsí tionchar dearfach a bheith aige maidir le sláinte phoiblí a chosaint feadh na hEorpa. Tá togra reachtach glactha ag an gCoimisiún Eorpach lena bhfuiltear ag iarraidh saoránaigh a chosaint ó raon leathan bagairtí sláinte tromchúiseacha trasteorann, lena n-áirítear galair theagmhálacha agus bagairtí bitheolaíoch, ceimiceacha nó comhshaoil. Oibreoidh an Uachtaránacht chun comhaontú a bhaint amach le Parlaimint na hEorpa maidir leis an sainchomhad sin.

Sláinte ar mhaithe le Fás

Fás agus féachann le teacht ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa ar an ábhar seo. Is ionstraim reachtúil atá sa togra seo a chuirfidh an clár Sláinte Poiblí na hEorpa i bhfeidhm idir 2014 go 2020. Is iad cuspóirí an chláir ná tacú le Ballstáit chun córais sláinte nuálacha agus inbhuanaitheacha a fhorbairt; rochtain níos fearr a bheith ag saoránaigh ar chórais sláinte níos fearr agus níos inbhuanaithe; sláinte a chur chun cinn agus galar a chosc; agus saoránaigh a chosaint ó bhagairtí sláinte trasteorainn.

Tobac

Bhí Éire ar cheann de na chéad tíortha ar domhan le cearta sláinte oibríthe aonair a chosaint trí chaitheamh tobac san áit oibre a thoirmeasc. Tá toirmisc den sórt sin coitianta feadh na hEorpa anois agus tá saol daoine sábháilte acu agus laghdóidh siad brú ar chórais shláinte san fhadtéarma. Ach teastaíonn tuilleadh a dhéanamh chun saoránaigh a chosaint, go háirithe leanaí agus daoine óga, ó iarmhairtí a bhaineann le caitheamh tobac agus andúil sa nicitín, agus chun dul i ngleic leis na costais fhadtéarmacha a bhaineann le caitheamh tobac do chórais shláinte agus geilleagar na hEorpa.

Cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann tús le hidirbheartaíochtaí ar Threoir maidir le Táirgí Tobac nua a thabharfaidh an reachtaíocht reatha cothrom le dáta. Féachfaidh an togra le táirgí tobac a rialáil ar bhealach a léiríonn a gcuid tréithe sonracha agus na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann lena n-ídiú. Déileálfad an Treoir nua le lipéadú agus le pacáistiú, le comhábhair agus le breisiúcháin, inrianaitheacht agus gnéithe slándála srl. Beidh sé mar aidhm ag Éire dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar an togra seo.

Cógais agus Feistí Leighis

Beidh sé mar aidhm ag an Uachtaránacht dul chun cinn a dhéanamh ar thogra maidir le Rialachán a bhaineann le trialacha cliniúla ar tháirgí fócschláinte le húsáid ag daoine. Tá an togra sin leagtha amach chun aghaidh a thabhairt ar an titim in iarratais ar thrialacha cliniúla san Eoraip, atá rithábhachtach

chun leigheasanna nuálacha nua a chur ar fáil d'othair agus tionscal cógaisíochta láidir a chothabháil tríd an ualach riaracháin agus costais ar urraitheoirí a laghdú agus a chinntiú ag an am céanna go mbeidh rannpháirtithe cosanta go hiomlán.

Tá an Uachtaránacht tiomanta ar dul chun cinn a dhéanamh ar dhá thograí feistí leighis, go háirithe iad sin a bhaineann le feistí leighis ginearálta agus le feistí leighis diagnóiseacha in-vitro a foilsíodh i ndeireadh 2012. Leis na tograí, cuirfear creat rialála ar fáil maidir le feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha in-vitro a tháirgeadh agus a chur ar an margadh rud a chinnteoidh leibhéal ard cosanta d'othair agus do ghairmithe sláinte.

Tá ról feistí leighis riachtanach i gcúram sláinte chun saol daoine a shábháil agus chun caighdeán beatha saoránach a fheabhsú. Tá feabhsuithe i dteicneolaíocht leighis in ann iomaíochas domhanda an AE a threisiú agus poist a chruthú, chomh maith le costais chúram sláinte a laghdú agus cur le caighdeán agus éifeachtúlacht chúram sláinte.

Tá tionscal suntasach feistí leighis agus dea-bhunaithe san AE lena mbaineann deis láidir fáis agus cruthú post. Tá Éire ag tnúth go mór le beartais agus reachtaíocht a chur chun cinn le linn na hUachtaránachta chun tacú le fás agus le forbairt na hearnála seo.

Ag léiriú na tábhachta a bhaineann le nuáil agus le taighde sa chóras sláinte, tionólfaidh Éire dhá chomhdháil ardleibhéil i mBaile Átha Cliath le linn na hUachtaránachta. Reáchtálfar an chéad chomhdháil ag an am céanna leis an gComhdháil agus Taispeántas Domhanda IT sa tSláinte. Is sainchomhdháil ardleibhéil atá sa dara comhdháil a thionólfar i dteannta le Taighde agus le Nuáil DG maidir le taighde inchinne.

Comhshaol

Cé go bhfuil an-dul chun cinn déanta i gcomhshaol na hEorpa a chosaint tá dúshláin mhóra fós ann. Tá an brú ar acmhainní – go háirithe amhábhair, uisce, aer agus bithéagsúlacht – ag leanúint ar aghaidh ag méadú. Beidh príomh-fhócas na hUachtaránachta ar an Seachtú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil, chomh maith le raon reachtaíochta a bheidh dírithe ar acmhainní nádúrtha agus comhshaol na hEorpa a chosaint do na glúine atá le teacht. Cuirfidh an Uachtaránacht bearta chun cinn freisin a bheidh dírithe ar fhás inbhuanaithe agus glas feadh an chláir oibre beartais agus reachtaigh uile.

Ag an leibhéal idirnáisiúnta, tá an Chomhairle Comhshaoil ag iarraidh comhchur chuigí AE a bhaint amach maidir le dúshláin chomhshaoil dhomhanda, lena n-áirítear athrú aeráide a réiteach. Tá clár oibre comhshaoil idirnáisiúnta an-ghnóthach ag an Uachtaránacht don chéad leath de 2013 agus táthar ag súil leis an gclár oibre sin a bhainistiú go gníomhach, lena chinntiú go ndéanfar ceannaireacht idirnáisiúnta an AE maidir le cosaint agus inbhuanaitheacht chomhshaoil a chothabháil.

7ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil

Tá treoir tugtha ag Clár Ghníomhaíochta Chomhshaoil d'fhorbairt bheartas comhshaoil an AE le daichead bliain anuas. Leagfar amach na cuspóirí tosaíochta do bheartas comhshaoil an AE do na deich mbliana amach romhainn sa Seachtú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil (EAP) atá beartaithe, fíís uailmhianach do gheilleagar Eorpach uilechuimsitheach, glas agus iomaíoch a dhéanfaidh an comhshaol. Cuireann sé leis an straitéis 'Eoraip 2020' agus an Tionscnamh Ceannródaíoch Éifeachtúlacht Acmhainní a théann leis.

Is comhpháirt thábhachtach freisin é an 7ú EAP den straitéis 'Eoraip 2020' agus tá sé nasctha leis an Tionscnamh Suaitheanta Tíosachta Acmhainní chun forbairt inbhuanaithe a bhrú chun cinn laistigh den AE go háirithe i ndáil le tíosacht acmhainní agus forbairt eacnamaíoch nach gcruthóidh go leor carbóin.

Dar leis an Uachtaránacht, tá an 7ú EAP ríthábhachtach do thodhchaí na hEorpa, agus oibreofar chun comhaontú a chur i gcrích le Parlaimint na hEorpa. Tuigeann an Uachtaránacht nach bhféadfar an aidhm uailmhianach seo a bhaint amach gan comhoibriú agus tacaíocht iomlán na gcomhpháirtithe AE go léir.

Athrú Aeráide

Is bagairt láithreach agus bagairt atá ag fáil níos measa do dhaoine é athrú aeráide. Tá freagairt chuimsitheach dhomhanda á chur i bhfeidhm anois ar cheann de na tosaíochtaí beartais is mó don Aontas Eorpach go himheánach agus go hidirnáisiúnta trí Choinbhinsiún Chreat Oibre na NA ar Athrú Aeráide. Tacaíonn Éire i gcónaí le ceannaireacht an AE sa réimse seo agus dá bhrí sin tabharfaidh an Uachtaránacht tús áite do dhul chun cinn i roinnt réimsí beartais athrú aeráide, go háirithe maolú (astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú) agus oiriúnú (freagairt do thionchar reatha agus stairiúil astaíochtaí gáis cheaptha teasa, tionchar nach féidir éalú uaidh).

Oiriúnú Aeráide

Meastar go bhfoilseoidh an Coimisiún Eorpach Straitéis nua AE um Oiriúnú Aeráide i Márta 2013 atá ag teacht chun cinn as an bPáipéar Bán 2009 "Ag cur in oiriúint d'athrú aeráide: I dTreó Creata Gníomhaíochta Eorpaigh". Cé go mbeidh costais ag baint le hoiriúnú, beidh tairbhí móra fadtéarmacha i gceist, lena n-áirítear laghdú damáiste agus costais a bhaineann le drochaimsir a chuireann deiseanna fáis ar fáil freisin i roinnt earnálacha, lena n-áirítear talmhaíocht agus turasóireacht. Díreoidh an Uachtaránacht ar Chonclúidí Comhairle i Meitheamh 2013 chun an bhunobair a dhéanamh d'oiriúnú aeráide feadh an AE.

Déanfaidh an Uachtaránacht comhdháil ardleibhéil ar Cheartas Aeráide a reáchtáil in Aibreán 2013 mar chuid dár n-iarrachtaí aird a tharraingt ar thionchair athrú aeráide ar na réigiúin is boichte ar domhan.

Leasuithe ar an Treoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí

Leis an chéad dhá thogra sa réimse seo, táthar ag iarraidh Treoir atá ann cheana féin atá mar bhonn taca ag Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí. Is éard is aidhm leis an leasú beartaithe uainiú ceantanna a shoiléiriú laistigh de thréimhse trádála 2013-2020 chun tacú le feidhmiú ordúil an mhargaidh charbóin. Is é sin an chúis a mbeidh an Uachtaránacht ag iarraidh comhaontú luath le Parlaimint na hEorpa maidir leis an togra sin.

Tá togra reachtach tugtha ar aghaidh ag an gCoimisiún Eorpach chun maolú sealadach ó oibleagáidí tuairiscithe agus comhlíonta áirithe faoin Treoir AE maidir le Scéim Trádála Astaíochtaí i gcás eiltí chuig nó ó thíortha nach tíortha Eorpacha iad bunaithe ar thorthaí spreagúla ag cruinniú Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) i mí na Samhna 2012 maidir le haghaidh a thabhairt ar astaíochtaí ó eitlíocht idirnáisiúnta agus chun scóip a chur ar fáil d'fhorbairt bhreise ar an obair seo. Tabharfaidh an Uachtaránacht tús áite don togra reachtach, d'fhonn comhaontú luath a bhaint amach le Parlaimint na hEorpa.

CO2 ó Charranna agus Veaineanna

Thíolaic an Coimisiún Eorpach tograí ar leithligh chun spriocanna astaíochtaí déocsaíd charbóin (CO2) 2020 ó charranna paisinéirí nua agus ó fheithiclí (veaineanna) tráchtála éadroma nua a dheimhniú. Beidh an Uachtaránacht ag iarraidh comhaontuithe luatha le Parlaimint na hEorpa maidir leis an dá thogra sin.

Gáis cheaptha teasa fluairínithe (F-Gháis)

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a thograí i mí na Samhna 2012 chun feidhmiú, tionchar agus leordhóthanacht rialála na ngás cheaptha teasa fluairínithe (F-gháis) a athbhreithniú, d'fhonn iarrachtaí astaíochtaí F-gháis a laghdú a neartú, go háirithe ós rud é go bhfuil sé ag éirí níos fusa ag roinnt earnálacha tionsclaíochta ábhair eile a úsáid. Tá sé tábhachtach astaíochtaí F-ghás a laghdú mar gheall ar mórthionchair dhíobhálacha a fhéadfaidh astaíochtaí den sórt sin a bheith acu ar an aeráid. Tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht dul chun cinn mór a dhéanamh ar an gcomhad sin.

Athrú Indíreach sa Talamhúsáid (ILUC)

Leis an togra ón gCoimisiún Eorpach do Threoir, táthar ag iarraidh leasuithe ar reachtaíocht atá ann cheana féin maidir le cáilíocht breoslaí peitрил agus díosail, agus ar úsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn. Is éard is cuspóir leis, athrú go dtí bithbhreoslaí a thionscnamh lena mbainfidh coigilt mhór maidir le gás cheaptha teasa agus lena gcumasófar astaíochtaí ó athrú indíreach sa talamhúsáid a thuairisciú. Beartaíonn an Uachtaránacht, ina cuid pleannanna Comhshaoil agus Fuinnimh, dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar an togra seo.

Reachtaíocht Comhshaoil

Substaintí Tosaíochta

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra i mí Eanáir 2012 chun an Creat-Treoir Uisce agus an Treoir maidir le Caighdeáin Cháilíochta Timpeallachta a leasú. Oibreoidh an Uachtaránacht chun comhaontú a bhaint amach le Parlaimint na hEorpa maidir leis an Treoir, a rachaidh céim eile chun cinn chun comhshaoil na hEorpa agus sláinte shaoránaigh na hEorpa a chosaint.

Athchúrsáil Long

Is féidir rioscaí móra a bheith ag baint le hathchúrsáil long don chomhshaoil agus do shláinte na n-oibrithe a mbíonn baint acu leis. Tá sé mar aidhm leis an togra a chinntiú nach ndéanfar longa Eorpacha a athchúrsáil ach i saoráidí a bheidh slán ó dhrochthionchar ar an gcomhshaoil agus a bheidh sábháilte d'oibrithe. Féachfaidh an Uachtaránacht comhaontú a bhaint amach le Parlaimint na hEorpa maidir leis an togra seo.

An Treoir maidir le Ceallraí

Ghlac an AE le reachtaíocht in 2006 lena rabhtas ag iarraidh nach mbeadh ceallraí agus taisc-chealla (m.sh. ceallraí in-athluchtaithe) chomh dochrach don chomhshaoil. Leis an Treoir maidir le Ceallraí, áirítear ann freisin, toirmeasc sainiúil ar cheallraí agus taisc-chealla a bhfuil mearcair agus caidmiam iontu mar gheall ar na tionchair dhíobhálacha a d'fhéadfadh a bheith acu ar shláinte daoine agus ar an gcomhshaoil. Táthar ag iarraidh leis an Treoir bheartaithe, go gcuimseofaí níos mó nithe faoin toirmeasc agus beidh an Uachtaránacht ag iarraidh comhaontú le Parlaimint na hEorpa i ndáil leis an sainchomhad sin.

An Clár Gníomhaíochta Comhshaoil agus Aeráide (LIFE)

Tá Clár LIFE an AE ar cheann de na príomh-mheicníochtaí chun tionscadail i réimse an chomhshaoil a mhaoiniú. Tá togra do Chlár LIFE nua tíolachta ag an gCoimisiún le buiséid níos mó chun an tréimhse 2014-2020 a chlúdach. Beidh comhaontú luath á lorg ag Uachtaránacht na hÉireann i ndáil leis an gclár.

Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA)

Beidh sé mar aidhm ag Éirinn obair ar an dréacht-Threoir EIA, a bheidh mar sprioc leis na forálacha atá ann cheana féin a neartú chun an bealach lena measúnaítear tionchair timpeallachta a fheabhsú. Tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar an gcomhad seo.

Rochtain ar Acmhainní Géiniteacha agus Roinnt Chothrom agus Chóir ar Thairbhí a Thiocfaidh Chun Cinn as a nÚsáid

D'fhoilsigh an Coimisiún an togra ar Rochtain ar Acmhainní Géiniteacha agus Roinnt Chothrom agus Chóir ar Thairbhí a Thiocfaidh Chun Cinn as a nÚsáid d'fhonn riachtanais Phrótaicail Nagoya a bhaint amach. Tá an prótacal dírithe ar a chinntiú go mbíonn luach saothair le fáil ag tíortha atá ina bhfoinsí ábhar bitheolaíoch a d'fhéadfaí a bhailiú le n-úsáid i dtíortha eile i dtáirgí nua lena mbeadh brabach le déanamh astu, ar nós bia, leigheas nó gníomhairí bitheicneolaíochta. Thabharfadh sé cosaint do thíortha i mbéal forbartha ó 'bhithphóiréideacht' agus is príomhchéim a bheadh ann freisin i dtreo Spriocanna Domhanda 2020 ó thaobh bithéagsúlachta a bhaint amach. Leagtar amach oibleagáidí sa togra d'úsáideoirí acmhainní géiniteacha san Aontas Eorpach. Tá sé mar aidhm ag an Uachtaránacht dul chun cinn suntasach a dhéanamh laistigh den Chomhairle maidir le sprioc foriomlán dhaingniú an AE go luath i 2014.

Clár oibre idirnáisiúnta ar aeráid agus ar an gcomhshaol

Beidh ról comhordaithe ceannais ag an Uachtaránacht mar ionadaí AE ar bhonn idirnáisiúnta. Is ról é sin atá ag éirí níos tábhachtaí mar gheall ar nádúr trasteorann agus domhanda na gceisteanna comhshaoil agus a mhéad is a thugtar aghaidh ar go leor de na mór-dhúshláin chomhshaoil dhomhanda ag leibhéal na Náisiún Aontaithe (NA).

Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC)

Reáchtáladh an ceann is déanaí de shraith idirbheartaíochtaí faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) sa Chatar i mí na Nollag 2012. Thóg an cruinniú sa Chatar ar an gcomhaontú a baineadh amach in Durban in 2011 agus cuireadh bealach soiléir ar fáil chun oibriú i dtreo birt dhomhanda a bheadh iltaobhach a mbeadh ceangal dlí ag gabháil leis faoi 2015. Áireofar air sin spriocanna laghdaithe astaíochtaí do gach páirtí laistigh d'fhráma ama cinnte agus léireofar tiomantais airgeadais chun cuidiú le tíortha i mbéal forbartha le maolú agus oiriúnú d'athrú aeráide. Tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht iarracht an AE a stiúradh chun tógáil ar na cinntí frámaí ama daingne arna gcomhaontú in Doha, go háirithe i dtéarmaí rannpháirtíochta an AE sa chruinniú UNFCCC idirsheisiúnach i mBonn i Meitheamh 2013. Tá sé beartaithe freisin go mbeidh an clár oibre ar athrú aeráide i measc na n-ábhar a phléifear ag Cruinniú Neamhfhoirmiúil na nAirí Comhshaoil a reáchtálfar i mBaile Átha Cliath in Aibreán 2013.

Rio+20

Ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Fhorbairt Inbhuanaithe (Rio+20) i Meitheamh 2012, thángthas ar chomhaontú – An Todhchaí atá Uainn – a n-aithníonn, go rithábhachtach, ról geilleagair ghlas uilechuimsithigh i gcomhthéacs forbartha inbhuanaithe agus díothú bochtaineachta. Déanfaidh Éire, forbairt ar sheasamh an AE maidir le hobair ar bith a dhéanfar ina dhiaidh sin a chomhordú.

Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP)

Áireofar ar phríomhfhreagracht i dtéarmaí an chláir oibre chomhshaoil idirnáisiúnta le linn na hUachtaránachta ionchur an AE i 27ú Seisiún na Comhairle Rialaithe/an Fhóraithe Chomhshaoil Aireachta Domhanda (GC/CMEF) de chuid Chláir Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) a stiúradh, a bheidh ar siúl in Nairobi ón 18 go 22 Feabhra.

Mearcair

Déanfaidh an Uachtaránacht rannpháirtíocht an AE a chomhordú ag an gcúigiú agus Coiste Idirbheartaíochta Idir-Rialtasach deiridh chun ionstraim maidir le Mearcair a chomhaontú a mbeidh ceangail dlí ag gabháil léi. Tá sé rithábhachtach go mbeadh toradh rathúil ar an idirbheartaíocht sin ós rud é go n-aithnítear mearcair mar dhúil cheimiceach atá mórtionchar diúltach aige ar shláinte daoine agus ar an gcomhshaol.

Coinbhinsiún NA maidir le Ceimiceáin agus Dramhaíl agus Aarhus

Ar deireadh, reáchtálfadh na Náisiún Aontaithe cruinnithe, ceann i ndiaidh a chéile, Comhdhálacha na bPáirtithe de chuid na dtrí Choinbhinsiún NA maidir le Ceimiceáin agus Dramhaíl (Coinbhinsiún Stócólm, Rotterdam agus Basel) in Aibreán-Bealtaine 2013 agus reáchtálfar grúpa oibre ar pháirtithe an Choinbhinsiúin Aarhus i Meitheamh 2013. Cinnteoidh an Uachtaránacht ionchur éifeachtach ón AE sna cinntí éagsúla a bheidh le glacadh faoi gach Coinbhinsiún.

Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh

Ceann de na bunrudaí atá mar threallús ag fás eacnamaíoch AE agus iomaíochas níos fearr anois agus amach anseo is ea infreastruchtúr iompair, teileachumarsáide agus fuinnimh láidir, slán, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus éifeachtach ó thaobh costais de. Tá sé mar aidhm leis an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (TTE) líonraí agus infreastruchtúr comhordaithe a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe an mhargaidh inmheánaigh agus gheilleagar an AE ina iomlán.

An Áis Chónasctha don Eoraip (CEF)

Is tosaíochtaí d'fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch na hEorpa iad líonraí iompair, fuinnimh agus digiteacha inbhuanaithe agus idirnasctha. Cinnfidh an Áis Chónasctha don Eoraip (CEF), atá mar chuid den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (MFF), an tslí a ndéanfar acmhainní an Aontais a infheistiú feadh infreastruchtúir iompair, fuinnimh agus teileachumarsáide/digitigh.

Tá rochtain ar Mhargadh Digiteach Aonair go ríthábhachtach freisin do thomhaltóirí mar aon le gnólachtaí.

Rachaidh forbairt margaidh fuinnimh aontaithe san AE go mór chun tairbhe tomhaltóirí. Beidh tábhacht faoi leith i gceist leis freisin maidir le háirithiú fuinnimh a chinntiú san fhadtéarma agus foinsí fuinnimh eile a chur chun cinn.

Tá naisc iompair chomhtháite fóirbhachtach d'iomaíochas na hEorpa. Tacóidh infheistíocht spriocdhíríte chun aghaidh a thabhairt ar chaolais thráchtá agus ar naisc atá in easnamh le téarnamh eacnamaíoch na hEorpa san fhadtéarma.

Tabharfaidh an Uachtaránacht tús áite don Áis Chónasctha don Eoraip agus freisin do roinnt tograí aonair a dhéanfaidh beart de chónascadh na hEorpa.

Iompar

Líonraí Tras-Eorpacha – Iompar (TEN-T)

Tá TEN-T comhdhéanta de shraith treoirlínte agus riachtanais chun an líonra iompair Eorpach a fhorbairt sna daichead bliain atá romhainn go dtí 2050. Tacóidh fíis TEN-T le haghaidh líonra iompair cuimsitheach le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus beidh sé mar bhonn taca ag iomaíochas na hEorpa. Déanfaidh sé é sin ar shlí inbhuanaithe, tabharfar riachtanais tíosachta fuinnimh agus dúshláin maidir le hathrú aeráide an AE. Tá comhráite maidir leis an TEN-T go mór chun cinn cheana féin agus tá súil ag an Uachtaránacht comhaontú a chur i gcrích le Parlaimint na hEorpa.

An Ceathrú Pacáiste Iarnróid

Tá an Pacáiste Iarnróid ar cheann de thrí shainchomhad atá sa Ghníomh um an Margadh Aonair II chun infreastruchtúr iompair phoiblí níos iomaíche agus níos nua-aimseartha a chur chun cinn feadh an AE. Tabharfaidh sé sin rogha níos fearr agus roghanna níos éifeachtaí ó thaobh costais de do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí. Oibreoidh an Uachtaránacht chun dul chun cinn a dhéanamh ar an sainchomhad.

Pacáiste na nAerfort

Ciallaíonn stádas na hÉireann mar oileán gur tosaíocht ollmhór é eitlíocht thráchtála do thomhaltóirí agus d'onnmhaireoirí araon. Tá líon na bpaisinéirí aer feadh an AE ag méadú le blianta fada, rud atá ag cur níos mó agus níos mó brú ar an infreastruchtúr tacaíochta. Faoi láthair, is fadhbanna ar an talamh agus ní san aer is cúis le 70% den mhoill a chuirtear ar eitiltí.

Tá sé mar aidhm le Pacáiste na nAerfort aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin a bhaineann le héifeachtúlacht, cáilíocht agus toilleadh feadh aerfoirt na hEorpa. Tá fócas faoi leith ar sheirbhísí láimhseála talún, leithdháileadh sliotán agus laghdú torainn. Beidh sé mar aidhm freisin le togra i ndáil le Cearta Paisinéirí Aer a bhfuiltear ag súil leis go ndéanfar cearta paisinéirí a shoiléiriú, go háirithe i gcásanna a gcuirtear eitiltí ar ceal, a gcuirtear moill ar eitiltí nó nach gceadaítear bordáil.

Tá súil ag an Uachtaránacht an idirbheartaíocht maidir le Pacáiste na nAerfort a chur i gcrích go sásúil (nó chun gnéithe éagsúla den Phacáiste a chur chun cinn (ag brath ar thoradh an Vóta Iomlánaigh EP an 12 Nollaig). Seolfar an idirbheartaíocht maidir le Cearta Paisinéirí nuair a fhoilseofar an togra.

Reachtaíocht eile de chuid na Comhairle Iompair

Tá sé mar aidhm ag an Uachtaránacht freisin teacht ar chomhaontú ar thograí chun an Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí agus Treoir nua maidir le Tacagraf (fearas a úsáidtear chun gluaiseacht na dtarraingteoirí ar fud an AE a thairgeadh) a fhorghníú agus chun dul chun cinn maith a dhéanamh ar shainchomhaid thábhachtacha eile a mbíonn tionchar acu ar an earnáil iompair, lena n-áirítear pacáiste maidir le Cumhacht Ghlan d'Iompar chun níos mó úsáide a bhaint as breoslaí in-athnuaite a chur chun cinn; agus roinnt tograí sábháilteachta lena n-áirítear an Pacáiste Ródacmhainneachta agus Sábháilteacht Long Phaisinéirí. Measfar go ndéanfar dhá shainchomhad eile a bhaineann le hiompar agus a luaitear sa Ghníomh um an Margadh Aonair II - an chéad chéim eile de Thionscnamh Spéire na hEorpa agus den Tionscnamh Chrios Gorm a dhíríonn ar an mbrú a bhaineann le riarachán loingseoireachta clagfharraige a laghdú laistigh den AE - a fhoilsiú agus a chur i láthair le linn Uachtaránacht na hÉireann.

Teileachumarsáid

Oibre Digiteach a chur chun cinn do phoist agus fás. Caithefidh an Eoraip coinneáil suas le treochtaí margaidh agus leis an tslí a mbíonn daoine ag caitheamh a saol. Sa réimse teileachumarsáide, caithefear teicneolaíocht agus an t-idirlíon a uasmhéadú le bheith mar threallús ag fás inbhuanaithe.

Go luath san Uachtaránacht, tá Éire ag súil go dtiocfar ar chomhaontú maidir le Treoir a cheadódh don earnáil phríobháideach eolas na hearnála poiblí a úsáid arís ar chostas beag nó ar chostas ar bith le táirgí nua agus nuálaíochta a chruthú, dá bhrí sin ag cur borradh faoi fhás agus faoi fhorbairt post.

An Margadh Digiteach Aonair

Le hinfreastruchtúr digiteach, cuirfeadh bonn ar fáil ar a bhféadfar an Margadh Digiteach Aonair a thógáil agus a rith. Tá sé mar aidhm ag na treoirlínte a bhaineann le CEF dlús a chur faoi sheachadadh leathanbhanda den chéad ghlúin eile agus borradh a chur faoi leathadh amach seirbhísí digiteacha trí infheistíocht phríobháideach a úsáid, go háirithe sna réimsí lena mbaineann éiginnteacht ó thaobh infheistíochta. Tá sé mar aidhm ag an Uachtaránacht teacht ar chomhaontú idir an Comhairle Eorpach agus Parlaimint na hEorpa ar an gcomhad seo. Caithefidh saoránaigh agus gnólachtaí a bheith in ann muinín a bheith acu as tráchtáil ar líne agus tráchtáil fhíorúil le go n-éireoidh leis. Is mar gheall air sin a bhfuil ardtosaíocht tugtha ag an Uachtaránacht don Rialachán maidir le seirbhísí aitheanta agus iontaoibhe leictreonaí.

Tá sé mar aidhm leis an Rialachán creat uile-Eorpach a chur ar fáil do ríomh-chéannacht agus ríomh-shínte a aithint agus a fhíordheimhniú go leictreonach. Tá an poitéinseal ag comh-aithint agus comhghlacadh Céannacht leictreonach (e-ID) rochtain ar sheirbhísí poiblí a éascú do shaoránaigh feadh

theorainneacha AE i réimsí mar sláinte, leas shóisialach, cánachas, fostaíocht agus oideachas. Is féidir leis an togra bealach a leagan amach le go bhféadfaidh gach Eorpach níos mó úsáide a bhaint as seirbhísí ar líne, agus leanfaidh fás agus poist as sin. Cuirfidh an Uachtaránacht dlús le hobair ar an gcomhad casta sin, ar togra é atá fós ag seasamh amach ón gcéad Ghníomh um an Margadh Aonair. Rachaidh an Uachtaránacht i mbun oibre freisin ar thograí i gComhairlí eile, lena n-áirítear cosaint sonraí, atá dírithe ar tacú le fás sa gheilleagar digiteach.

Reachtálfar Tionól Chlár Oibre Digiteach an Choimisiúin Eorpaigh i mBaile Átha Cliath i Meitheamh 2013. Leis an imeacht sin, tabharfar saineolaithe tionscail agus de chuid na sochaí sibhialta le chéile le hionadaithe ó institiúidí AE agus Ballstáit d'fhonn comhoibriú agus obair i gcomhar timpeall an Chláir Oibre Digitigh a neartú.

Inrochtaineacht ghréasáin

Tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht dul chun cinn a dhéanamh ar Threoir bheartaithe ón gCoimisiún maidir le hinrochtaineacht ghréasáin, arna foilsiú i mí na Nollag 2012. Tá sé mar aidhm leis an togra a chinntiú go bhféadfaidh gach úsáideoir, go háirithe iad sin atá faoi mhíchumas, rochtain a fháil ar láithreáin ghréasáin. Oibreoidh an Uachtaránacht chun an togra sin a bhrú ar aghaidh mar chuid den fhócas ar an gclár oibre digiteach agus ar Bhliain Eorpach na Saoránach.

Slándáil Líonra agus Eolais

Meastar go ndéanfar togra reachtaíochta ar bhearta a éascóidh leibhéil feabhsaithe slándála líonra agus eolais a bheidh ag gabháil leis an ráiteas atáthar ag súil leis ar Shlándáil Cyber a fhoilsiú go luath le linn Uachtaránacht na hÉireann. Is é príomhaidhm an togra ná soláthar a dhéanamh do shlándáil líonra agus eolais níos fearr ar fud an AE. D'fhéadfaí go n-éileofar ar Bhallstáit, ar oibreoírí infrastruchtúir chriticiúil agus ar riarthóirí poiblí bualadh faoi ghníomhaíochtaí éagsúla chun slándáil cyber níos fearr a bhaint amach. Tá an Uachtaránacht ag tnúth go mór leis an gCoimisiún Eorpach an togra reachtaíochta seo a fhoilsiú. Oibreoidh Éire ar son dul chun cinn láidir a dhéanamh ar an reachtaíocht seo i rith na hUachtaránachta.

Costas leathanbhanda ardluais a laghdú

D'aithin na Cinn Stáit agus Rialtais in 2012 go raibh sé ríthábhachtach chun an margadh digiteach aonair a chur i gcrích clúdach leathanbhanda níos fearr a chur ar fáil, lena n-áirítear costas infrastruchtúir leathanbhanda ardluais a laghdú.

Foilseofar an togra i dtreo dheireadh an chéad ráithe de 2013 agus leagfar amach ann na prionsabail a bheidh le leanúint ag Ballstáit agus iad ag ullmhú chun leathanbhanda ardluais, idir fhosaithe agus shoghluaiste, a leathadh amach. Tá léargas uathúil tugtha ag obair a rinneadh in Éirinn le déanaí ar Phlean Leathanbhanda Náisiúnta a fhorbairt ar na dúshláin a bhaineann le bacainní ar imscaradh leathanbhanda a laghdú, lena n-áirítear dúshláin faoi leith maidir le pleanáil agus rochtain ar infrastruchtúir. Tá an Uachtaránacht ag feitheamh le togra an Choimisiúin agus tá suim mhór aici ann ó tharla taithí na hÉireann sa réimse seo agus oibreoidh an Uachtaránacht go dlúth leis na comhpháirtithe uile chun an togra a chur ar aghaidh chun soláthar leathanbhanda slán, ar ardchaighdeán agus éifeachtach ó thaobh costais de a éascú feadh an AE uile.

Fuinneamh

Cinnfidh ceisteanna mar soláthar fuinnimh trí mhargadh inmheánach comhtháite, tionchar timpeallachta agus dírialáil an mhargaidh todhchaí soláthar fuinnimh san Eoraip. Agus idirbheartaíocht fuinnimh á bainistiú, tabharfaidh Uachtaránacht na hÉireann aird ar an tairbhe a bheidh i gceist maidir le poist,

fás agus tomhaltóirí. Is féidir le níos mó comhordaithe ag an leibhéal AE dul chun leasa an AE de réir mar a théann Ballstáit ó ghnáth-foinsí fuinnimh carbónbhunaithe go dtí foinsí eile, foinsí in-athnuaite ach go háirithe.

An Margadh Fuinnimh Inmheánach

D'éisigh an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht i mí na Samhna 2012 maidir leis an Margadh Fuinnimh Inmheánach. Sa Teachtaireacht, aithníodh an dul chun cinn a rinne Ballstáit maidir leis an gcuspóir an margadh fuinnimh inmheánach a chur i gcrích a bhaint amach. Ach, tarraingíodh roinnt ceisteanna ar aird freisin a gcaithfear dul i ngleic leo go práinneach le go bhféadfaidh tomhaltóirí tairbhí iomlána an mhargaidh inmheánaigh a fháil chomh maith le fáil réidh le bacainní ar iomaíochas agus cur le háirithe agus inbhuanaitheacht fuinneamh na hEorpa. Tá sé mar aidhm ag an Uachtaránacht Conclúidí Comhairle a ghlacadh maidir leis an Teachtaireacht.

Critéir Inbhuanaitheachta maidir le Bithmhais

Meastar go bhfoilseoidh an Coimisiún Treoir bheartaithe go luath le linn Uachtaránachta na hÉireann maidir le ceanglais inbhuanaitheachta d'úsáid bithmhaise i leictreachas, teas agus fuarú. Oibreoidh Éire chun an togra a bhrú ar aghaidh agus cuirfidh sí dréacht den tuarascáil ar dul chun cinn ar fáil ag an gComhairle Fuinnimh i Meitheamh 2013.

Fógra ar Infheistíocht i dTionscadail Infrastruchtúir Fuinnimh

Meastar go ndéileálfadh Uachtaránacht na hÉireann le togra ar mhaithe le neamhniú achta na Comhairle ar fhógra infheistíochta in infrastruchtúir fuinnimh agus an t-acht dlí nua a thiocthaidh in áit an achta sin bunaithe ar phróiseas comhchinnteoireacht na Comhairle agus na Parlaiminte.

An Treoir maidir le Sábháilteacht Gníomhaíochtaí Ola agus Gáis Eischósta

Tá an togra sin dírithe ar shábháilteacht eischósta a chur chun cinn i ndiaidh tubaistí le déanaí agus tá forálacha ann chun ullmhacht agus cumas freagartha chun déileáil le héigeandalacha a neartú. Oibreoidh an Uachtaránacht chun comhaontú luath a bhaint amach le Parlaimint na hEorpa maidir leis an togra.

Athrú Indíreach sa Talamhúsáid (ILUC)

Leis an togra do Threoir maidir le hAthrú Indíreach sa Talamhúsáid (ILUC), táthar ag iarraidh leasuithe ar reachtaíocht atá ann cheana féin maidir le cáilíocht breoslaí peitрил agus díosail, agus ar úsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn. Is éard is cuspóir leis, athrú go dtí bithbhreoslaí a thionscnamh lena mbainfidh coigilt mhór maidir le gás ceaptha teasa agus ag an am céanna an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as talamh a bheadh níos feiliúnaí do bharráí bia a laghdú a mhéid is féidir. Tá sé mar aidhm ag an togra freisin astuithe ó athrú indíreach sa talamhúsáid a thuairisciú. Tá na breithnithe comhshaoil tábhachtach agus oibreoidh an Uachtaránacht i dtreo an díospóid a chur chun cinn laistigh den Chomhairle, a chinnteoidh go mbeidh Airí Comhshaoil páirteach sa díospóid freisin.

Cosaint ar Radaíocht

Tá ardchaighdeáin cosanta ar radaíocht rithábhachtach don AE. Oibreoidh an Uachtaránacht chun teacht ar chomhaontú maidir le hathbhreithniú na Treorach ina leagtar amach Bunchaighdeáin Shábháilteachta do radaíocht ianúcháin chun othair, oibríthe agus an pobal atá faoi réir ag nochtadh a chosaint. Tabharfar obair ar aghaidh freisin ar an togra chun córas Comhphobail a bhunú chun iompróirí substaintí radaighníomhacha a chlárú.

Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt

Aithnítear an tábhacht a bhaineann le hoideachas agus oiliúint do théarnamh eacnamaíoch sa Straitéis 'Eoraip 2020'. Is príomhnithe treallúis maidir le comhtháthú sóisialta a chur chun cinn agus bochtaineacht a laghdú iad oideachas agus oiliúint - agus tá ról mór acu i ndáil le dul i ngleic leis an ngéarchéim poist atá ann i láthair na huaire, go háirithe d'Eorpaigh óga. Cinnteoidh an Uachtaránacht go dtacóidh an Chomhairle le tionscnaimh a bheidh mar bhonn taca ag geilleagar eolasbhunaithe agus faoi stiúir Nuála a fhorbairt.

Tá oidhreacht agus ilghnéitheacht chultúir na hEorpa ar a cuid láidreachtaí is mó. Oibreoidh an Uachtaránacht chun an tionscadal Eoraip Chruithaitheach a bhrú chun cinn chun tacú leis an gcéad ghlúin eile d'ealaíontóirí agus de ghairmithe cultúir Eorpacha.

Oideachas

Tabharfaidh Uachtaránacht na hEorpa tús áite do dhífhostaíocht a laghdú feadh an AE trí rochtain ar oideachas a leathnú agus caighdeán oideachais agus oiliúna a chinntiú. Cuirfear béim chomh maith ar an gclár oibre oideachais a lánpháirtiú tuilleadh i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh chun tacú le poist agus fás. Beidh prionsabail na cáilíochta agus an chothromais mar bhonn taca ag cur chuige Uachtaránacht na hÉireann maidir le hoideachas agus oiliúint.

Athsmaoineamh ar Oideachas

Chomh maith leis sin, beidh an teachtaireacht atá le teacht ón gCoimisiún maidir le hAthsmaoineamh ar Oideachas mar fhaisnéis ag breithniú ar athchóiriú oideachais i gcoitinne. Beartófar glacadh conclúidí Comhairle a fhreagróidh an Suirbhé ar Chumarsáid agus an Suirbhé ar Fhás Bliantúil 2012 (D/ES) araon do Chomhairle Oideachais mhí Feabhra 2013.

Erasmus do Chách

Is é Erasmus do Chách an clár a thugann scéimeanna AE reatha oideachais, oiliúna, óige agus spóirt le chéile. Beidh comhaontú a bhaint amach le Parlaimint na hEorpa ar an Rialachán maidir le hErasmus do Chách ina phríomh-thasc ar an gclár oibre oideachais agus oiliúna.

Réimsí beartais eile

Díreoidh Uachtaránacht na hÉireann ar thacaíocht a chur ar fáil don ról tábhachtach atá ag múinteoirí/ oideoirí i gcórais oideachais. Beidh Ard-Oideachas ina thosaíocht, agus cuirfear béim ar rannpháirtíocht grúpaí atá faoi ghannionadaíocht, ar ról rannpháirtíochta réigiúnaí na nInstitiúidí Ardoideachais, agus ar thionscadal Ilrangaithe Ollscoileanna an AE.

Tá sé mar aidhm le Creat Cáilíochtaí na hEorpa (EQF) comhthagairt Eorpach a thabhairt do cháilíochtaí náisiúnta tíortha éagsúla le go bhféadfaidh daoine agus fostóirí leibhéal acadúla i gcórais oideachais agus oiliúna éagsúla a thuiscint níos fearr agus comparáid níos fearr a dhéanamh eatarthu. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh oideachas agus oiliúint a mbíonn cáilíochtaí mar thoradh orthu tagairt don EQF agus go dtabharfaidh socruithe dearbhaithe cáilíochta láidre tacaíocht don oideachas agus don oiliúint sin. Eagrófar comhdháil leis an téama deimhniú cáilíochta i gcreataí cáilíochtaí le linn Uachtaránacht na hÉireann.

Óige

Beidh fócas na Comhairle Óige ar oideachas agus foghlaim neamhfhoirmiúil. Tá Cuimsiú Sóisialta mar an príomhthéama beartais ag Éirinn agus a comhpháirtithe, an Liotuáin agus an Ghréig, do na 18 mí ó Eanáir 2013 go deireadh Mheitheamh 2014. Cuimsítear inrochtaineacht maidir le seirbhísí don óige agus cuimsitheacht agus cuirtear béim ar an tábhacht atá le cáilíocht i leagan amach agus seachadadh beartais agus soláthair don óige.

Díreoidh Uachtaránacht na hÉireann go háirithe ar an méid a chuireann obair don óige le cuimsiú sóisialta an óige go léir, lena bhforbairt agus lena bhfolláine agus leis an leas is mó agus is féidir a bhaint as beartas óige chun spriocanna Europe 2020 a bhaint amach go háirithe maidir le dul i ngleic fostaíocht don óige.

Reachtálfaidh Uachtaránacht na hÉireann Comhdháil mhór Óige AE i mBaile Átha Cliath i Márta ina dtabharfar chun críche próiseas cainte struchtúrtha le daoine óga.

Cultúr

Eoraip Chruthaitheach

Is é Eoraip Chruthaithe an clár AE nua a thacaíonn leis an earnáil chultúir agus an earnáil chruthaitheach. Cuideoidh maoiniú AE le healaíontóirí agus le gairmithe cultúir lucht féachana nua a bhaint amach. Tacóidh Eoraip Chruthaitheach freisin le tionscal scannán na hEorpa trí thionscnaimh atá ann cheana féin, ar nós an chláir rathúil MEDIA, a ionchorprú. Oibreoidh Uachtaránacht na hÉireann le comhaontú a bhaint amach maidir leis an Rialachán


An Clár um an Eoraip ar son na Saoránach 2014-2020

Cruthaíodh an clár sin chun an Eoraip a thabhairt níos gaire dá saoránaigh agus iad a spreagadh le bheith níos rannpháirtí i bhforbairt an Aontais Eorpaigh amach anseo. Tá an clár comhdhéanta de dhá shnáithe, ceann a dhíríonn ar chuimhneamh agus an ceann eile ar rannpháirtíocht shaoránach. Tacóidh an tionscnamh seo le tionscadail arna rith ag an tsochaí shibhialta, údaráis áitiúla, NGOanna, meithleacha machnaimh, ceadchumainn agus ollscoileanna ag an leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Tá an Clár um an Eoraip ar son na Saoránach leagtha amach go sainiúil chun daonlathas rannpháirtíochta a chur chun cinn agus dá bhrí sin beidh sé mar thosaíocht ag an Uachtaránacht le linn Bhliain Eorpach na Saoránach.

Spórt

Is é príomhchuspóir na hUachtaránachta ar an gclár oibre spóirt dul chun cinn a dhéanamh ar roinnt ceisteanna a tarraingíodh ar aird i bPlean Oibre an AE ar Spóirt. Áirítear orthu sin an cheist maidir le dé-ghairmeacha do lucht spóirt. Breithneoidh an Chomhairle conas a chinnteofar go mbeidh lucht spóirt ábalta agus oilte don saol tar éis an tsaoil spóirt, gairm nach maireann i bhfad de ghnáth.

Is é an dara tosaíocht le breithniú ná an méid a chuireann spórt leis an ngeilleagar agus dúshlán thábhachtacha maidir le spórt - go háirithe spórt an phobail - a mhaoiniú ar shlí níos inbhuanaithe a aithint. Déanfaidh Éire ionadaíocht thar ceann an AE ar Údarás Frithdhópála an Domhain sna chéad 18 mí eile atá romhainn.



Uachtaránacht na hÉireann ar
Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Irish Presidency of the Council
of the European Union

eu2013.ie

